

Achoimriú Cásanna 2007





Achoimriú Cásanna 2007

OIFIG FHEAR AN PHOBAIL
UM PINSIN

36 SRÁID AN MHÓTA UACHT

BAILE ÁTHA CLIATH 2

TEILEAFÓN (01) 647 1650

www.pensionsombudsman.ie

RÁITEAS MISIN

Chun imscrúdú a dhéanamh agus socruithe a ghlacadh, ar bhealach neamhspleách agus neamhchlaonta, i dtaca le gearáin agus le hachrainn a bhaineann le scéimeanna pinsin ceirde agus le Cuntais Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP)

Tá an foilseachán seo ar fáil i gcló mór ar iarratas

RÉAMHRÁ

Le linn dom Achoimre na gCásanna a chur i bhur láthair bheartaigh mé ar imeacht de bheagán ó phátrún na nAchoimrí a chuaigh roimpi. Is éard atá socruithe agam a dhéanamh a chur i bhur láthair in éindí lena chéile cásanna a bhaineann le Cinntí foirmeálta na hOifige seo agus cásanna a réitíodh de thoradh eadarsála nó idirghabhála. Ní gach cás a bhíonn ina ábhar cinnidh agus is minic is féidir an imeacht in aimhréidh a sheachaint trí idirghabháil a dhéanamh in am.

Go ginearálta tá na sonraí a thugtar san eagrán seo níos giorra ná na cinn sna hAchoimrí a chuaigh roimhe. Is é príomhaidhm na hAchoimre barúil a thabhairt dóibh sin atá gafa le riarachán scéimeanna pinsin agus CCPSanna ar na cineálacha faidhbe a n-ionadaíonn na gearáin a thagann go dtí an Oifig seo dóibh, le súil is go mbeidh siad in ann ceacht a fhoghlaim ó na cinntí a rinneadh nó ó chomhréitigh ar thángthas orthu le linn dúinn na fadhbanna seo a réiteach; agus d'fhonn léargas a thabhairt don phobal i gcoitinne ar an obair a bhíonn ar siúl againn.

Cé go n-adhmaímid go mbíonn go leor gearán cineálach de réir a nádúir sa mhéid is go dtagann na fadhbanna ceannann céanna chun cinn arís is arís eile, tá an Oifig seo agamsa sásta na tosca a bhaineann le haon cás faoi leith a phlé i bprionsabal, ar choinníoll nach sáraíonn sin rúndacht nó nach gcuireann sé an príobháideacht i mbaol.



Paul Kenny
Fear an Phobail um Pinsin

Mí an Mheithimh 2008

ACHOIMRE AR CHÁSANNA A NDEARNADH CINNEADH FÚTHU AGUS AR CHÁSANNA EADRÁNAITHE, 2007

CUR I BHFEIDHM INCRIMINT FADSEIRBHÍSE I DTACA LE PINSEAN

D'áitigh an Gearánaí nár cuireadh i bhfeidhm i ndáil lena phinsin incrimint fadseirbhíse a deonaíodh i 1999 mar chuid de Chomhaontú Náisiúnta. Níor cuireadh an incrimint i bhfeidhm i ndáil lena phinsean ar an mbonn go raibh an tseirbhís a bhí críochnaithe aige roimh an ngnáthdháta scoir 16 lá gann ar an íostréimhse seirbhíse a theastaigh lena cháiliú chuig an ardú pinsean.

D'éirigh an Gearánaí as obair mar Mhaoirseoir Otharchairr i Meitheamh 1985. Ba é an 12 Feabhra 1985 an gnáthdháta scoir dó de réir Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil. I 1999 mar chuid de Chomhaontú Náisiúnta cuireadh i bhfeidhm dhá Incrimint Fadsheirbhíse i ndáil le pinsinéirí láithreacha. Ghearáin an pinsinéir faoi loiceadh an fhostaitheora an incrimint ba chuí dá sheirbhís de réir a ghráid a chur i bhfeidhm.

Dheimhnigh an Roinn Sláinte agus Leanaí, go raibh an Gearánaí ag barr an scála pá Grád 6 nuair a d'éirigh sé as bheith fostaithe tráth a raibh 65 bliana d'aois slánaithe aige. Ó tharla gan duine a thógfadh a áit a bheith ar fáil ag an am sin iarradh air fanacht sa phost go dtí go bhfaighfí duine eile ina áit. D'fhan sé ina cháil sealadach lánaimseartha go dtí 24 Meitheamh 1985. Fuair sé a chnapshuim i mí na Feabhra 1985 agus d'fhan sé ar thuarastal iomlán go dtí 24 Meitheamh 1985 tráth a íocadh a phinsean dó, pinsean a bhí laghdaithe san idirlinn.

De réir na Roinne bhí an Gearánaí 2 bhliain agus 349 lá ag barr an scála Grád 6 is é sin 16 lá gann ar na 3 bliana a theastaigh le cáiliú chuig Incrimint Fadsheirbhíse Ghrád 6.

D'áitigh an gearánaí nár cuireadh in iúl riamh dó gur athraigh a chonradh fostaíochta an 12 Márta 1985 ó phost buan go dtí post sealadach. Mar phointe eolais eile dúirt sé nár athraigh a ioncam le linn tréimhse na fostaíochta sealadaí. Chuir an FSS in iúl go raibh ceangal ar an nGearánaí éirí as 65 bliana d'aois slánaithe aige de réir fhorálacha na Scéime Aoisliúntais agus nach raibh seirbhís i ndiaidh an dáta scoir ináirithe chun críche pinsin. Chuireadar faoi iamh sliocht as an Acht Sláinte, 1970 ina bhforáiltear go sonrach go scoireann oifigeach buan de bheith amhlaidh nuair a bhíonn 65 bliana d'aois slánaithe aige.

Cé fur féidir nár cuireadh in iúl don Ghearánaí gur athraigh cineál a chonradh fostaíochta ag dáta an ghnáthscoir, is léir gur measadh an tseirbhís i ndiaidh an dáta scoir mar seirbhís shealadach. De bhreis air sin is léir go raibh na ríomhanna uile a bhain lena phinsean agus lena chnapshuim bunaithe ar sheirbhís go dtí 12 Feabhra 1985 agus íocadh a chnapshuim don Ghearánaí i mí na Feabhra 1985.

In ainneoin gur lean an fhostaíocht i ndiaidh an ghnáthdháta scoir, níorbh fhéidir seirbhís i ndiaidh an dáta sin a chur san áireamh sna sochair a deonaíodh dó ar an ngnáthdháta scoir. Le bheith i dteideal na hincriminte fadsheirbhíse ina phinsean níor mhór go mbeadh an íostréimhse seirbhíse de 3 bliana ag barr an scála pá slánaithe aige roimh an ngnáthdháta scoir. Ar an drochuair bhí sé 16 lá gann maidir leis an gceangal seo i leith íostréimhse seirbhíse.

Níorbh fhéidir seasamh leis an ngearán.

STIÚRADH FOIRCEANTA – LÍOMHAINTÍ MAIDIR LE MÍ-IOMPAR IONTAOBHAITHE

Rinne roinnt daoine leithleacha an gearán seo ar a son féin. Cé go raibh a ghearán pearsanta féin ag gach ball, bhí na saincheistanna móra ag roinnt leo uile. Seo iad:

- Soláthraíodh na sochair fabhráithe i ndáil le seirbhís san am a caitheadh, i bhfoirm luachanna aistrithe neamhdhóthanacha contrárthach leis an nGníomhas Iontaobhais agus leis na Rialacha, lena gceanglaítear go mbeidh na sochair ag am buanscoir soláthraithe i bhfoirm blianachta. Ní raibh méideanna na luachanna aistrithe a tairgeadh do bhaill ag teacht leis na sochair chaomhnaithe dá bhforáiltear in Acht na bPinsean agus ní móide go socródh siad na teidlíochtaí sochair chaomhnaithe ag an nGnáthdháta Scoir, go háirithe i gcás Ball a bhí ag teacht gar don aois scoir.
- Sárú Iontaobhais – Neamhbhailíocht chinneadh Iontaobhaithe Scéim Pinsin an tSochair Shainithe a fhoirceannadh trí loiceadh ceanglais fhorordaithe an Ghníomhais Iontaobhais agus na Rialacha a chomhlíonadh.
- Mainneachtain agus Failí thoiliúil na nIontaobhaithe ar chlis orthu na sochair a raibh baill ina dteidlíocht ag dáta Rún foirceanta na Scéime Sochair Shainithe a dhaingniú.
- Míriarachán a rinne Iontaobhaithe na Scéime Sochair Shainithe ar chaill na baill airgead dá bharr.

Ba iad fíricí an cháis gur chinn cuideachta a scéim pinsean sochair shainithe (SS) a fhoirceannadh agus scéim ranníoca shainithe a chur ina háit. Níor chomhlíon an scéim SS ceanglais sócmhainneachta Acht na bPinsean. Chun an t-athrú a bhaint amach, chinn an chuideachta go n-éireodh a stiúrthóirí, a bhí ina n-iontaobhaithe ar an scéim, as oifig agus go gcuirfí cuideachta iontaobhais ghairmiúil ina n-áit. Ina theannta sin chinn sí go n-aistreoí amach sochair na stiúrthóirí, roimh an rún foirmeálta um fhoirceannadh, agus go laghdófaí na luachanna aistrithe i gcomhréir le staid na sócmhainneachta.

Nuair a bhí sin déanta bhí an chuideachta réidh chun dóthain airgid a instealladh (Níos mó ná €1 milliún de réir measa) lena cur ar chumas na scéime teacht leis an gcaighdeán sócmhainneachta i ndáil leis na baill eile, ach ba mhian léi an tréimhse sé mhí maidir le fógra scoir a fhógairt, a bhí de cheangal uirthi de réir an ghníomhais iontaobhais le haghaidh foirceannadh “deonach”, a “cheannach go hiomlán”. Gheobhadh na baill creidmheas maidir leis an tréimhse seirbhíse seo nuair a ríomhfaí a sochair.

Ba léir go mbeadh na luachanna aistrithe a ríomhfaí faoi cheanglais sócmhainneachta Acht na bPinsean níos lú ná na méideanna a bheadh de dhíth dá mba rud é go ráthófaí teidlíochtaí na mball. Bhí chuile chineál agus ag na baill áfach ar a n-áirítear an fhíric go raibh an scéim “tite” ó fharasbarr dealraitheach i 2002 go heasnamh i 2005 (cé go raibh sin coitianta go leor le linn na tréimhse sin). Is éard a theastaigh uathu go bunúsach áfach go gcinneadh an Oifig seo go raibh stiúradh an fhoirceanta mídhleathach i dtéarmaí iontaobhais na scéime agus bhíodar ag iarraidh go gcuirfí iallach ar an bhfostaitheoir dóthain airgid a instealladh sa chiste chun na sochair a cheannach ina n-iomláine ar bhonn ráthaithe.



Bhí cuimse cumarsáide i gcúrsaíocht i gcúrsa an imscrúdaithe forleathain seo agus fuarthas réitithe roinnt mhaith réamhcheisteanna. Orthu sin bhí dlíthiúlacht cheapachán na n-iontaobhaithe nua, líomhaintí maidir le sárú Rialacháin Ionntaobhaithe Acht na bPinsean agus sárú iontaoibhe ag na hiontaobhaithe nua nuair a d'aontaigh siad le luathfhoirceannadh na scéime. Sa chás deireanach sheas na hiontaobhaithe air go mbeadh gníomhas leasaithe ann a bhfaigheadh réidh leis an gceanglas maidir le fógra scoir a fhógairt sé mhí roimh ré, agus a chuirfeadh sé d'oibleagáid shonrach ar an bhfostaitheoir freisin aon easnamh níos lú ná leibhéal áirithe sna sócmhainní a chur ina cheart faoi réir cheanglais sócmhainneachta Acht na bPinsean. Tháinig sé chun solais nach raibh aon eolas ag na baill maidir leis an ngníomhas leasaithe agus tharraing sin leis líomhaintí breise maidir le sárú iontaoibhe, etc. D'admhaigh na hiontaobhaithe gur theip orthu é a chur in iúl do na baill mar a cheanglaítear de réir dlí, ach dúirt nach d'aon úim a rinneadh sin agus nach chun a sochar féin a bheadh an teip.

D'eisigh mé réamhbharúil maidir leis an gcás agus d'iarr na baill síneadh ama chun machnamh a dhéanamh faoi sin. Lean aighneacht breise an-fhada as sin móide argóint dhlíthiúil fhorleathan, breis ghearáin agus leathnú go cúrsaí a ndearnadh gearán ina leith cheana féin. Fuarthas aighneachtaí freisin thar ceann na n-iontaobhaithe agus an fhostaitheora. Nuair a bhí machnamh déanta agam fúthu sin rinne mé an Cinneadh Deireanach, is é sin diúltú do na gearáin.

Is ábhar achomhairc san Ard-Chúirt an Cinneadh seo.

CÁSANNA MAIDIR LE TIONSCAL NA TÓGÁLA

SCÉIM PINSIN OIBRITHE TÓGÁLA – SOCHAR BÁIS GAN BHEITH CLÚDAITHE

Go ginearálta sna tuairiscithe seo ní ainmním na páirtithe atá bainteach leis an gcás, cé go bhfuil sé dosheachanta gur féidir freagróirí a aithint uaireanta ó shonraí cheird an ghearánaithe. Sa chás áirithe seo chinn mé go n-imeoinn ar leataobh ón srianadh féinchurtha sin.

Rinne mé cinneadh i gcoinne Jackman Developments Limited agus a stiúrthóirí Patrick Jackman Snr agus Patrick Jackman Jr an 8 Márta 2007 ag ordú íocaíocht de €63,500 a dhéanamh do mháthair bhall scéime básaithe laistigh de mhí amháin ó dháta an Chinnidh. I gcúrsa an chinnidh chuir mé ar thaifead go ndearna an chuideachta lena mbaineann, agus a stiúrthóirí iarracht go hiomlán mímhacánta calaois a imirt i leith na scéime pinsin sa chaoi is go n-íocfadh sí an sochar báis, rud nach raibh aon dliteanas aici ina leith de bhri nárbh é Jackman Developments Limited a rinne na ranniocaí ábhartha.

Tá brón orm a rá nár comhlíonadh téarmaí an Chinnidh agus go bhfuil imeachtaí forfheidhmithe anois ar siúl san Ard-Chúirt. Is trína n-iompar atá a gceart a n-ainmneacha a choinneáil faoi rún géillte ag Messrs Jackman.

Is mian liom go mbeadh a fhios ag gach duine lena mbaineann a thromchúisí is atá na cinntí a dhéanann an oifig seo agus go rachfar i mbun cibé bearta is gá lena chinntiú go nglacfar go tromchúiseach leis na cinntí.

TIONSCAL TÓGÁLA CÁS 1 – FOSTAITHEOIR BACÚIL

I gcás eile a bhaineann le tionscal na tógála rinneadh cinneadh i gcoinne fostaitheora a d'fhostaigh an gearánaí, ina cháil mar thrádálaí aonair a chéadair agus ansin mar chuideachta theoranta. Rinne an fostaitheoir an iomad iarrachtaí trína atur nae an t-imscrúdú a bhacadh agus a chur ó threoir agus tugadh faisnéis mhíthreorach éagsúil don oifig agam maidir le cineál an gnó a bhí á stiúradh ag an bhfostaitheoir, a mhaigh uair amháin gur conraitheoir talmhaíochta a bhí ann seachas gnólacht tógála.

Dúirt an fostaitheoir roimhe sin le Coimisinéir Cearta go raibh líon áirithe fostaithe nach raibh fostaithe ag a ghnólacht. Go teicniúil bhí sin ceart – is é an rud a d'fhág sé amach go raibh siad fostaithe aige ina cháil phearsanta mar thrádálaí aonair.

Mar a tharla ba é faisnéis a fuarthas ón atur nae i gcúrsa iarrachtaí mo imscrúdú a chur ó threoir a chuir ar ár gcumas an cás a réiteach. Thug an fostaitheoir lena mbaineann bata is bóthar don atur nae ina dhiaidh sin. Sa chás seo deonaíodh níos mó ná €20,000 don té a rinne an gearán. Is dócha go raibh bille an fostaitheora mórán ar an méid céanna de bhri go raibh an t-uafás bealaí níos seafóidí ná a chéile triailte aige chun an t-imscrúdú a chur ó threoir.

Is éard a bheinn féin buartha faoi go mbaineann staid cosúil le staid an ghearánaithe le go leor fostaithe – uair amháin bhí 35 dhuine ar phárolla na cuideachta seo. Is cinnte go raibh an fostaitheoir réidh an uile ní a thriail chun chosc a chur orm an gearán a iniúchadh.



CÁSANNA EILE I DTIONSCAL NA TÓGÁLA

Ba ábhar cinntí deireanacha a rinneadh agus eadarscáil shochar báis na cásanna a leanas.

NEAMHCHLÁRÚ FOSTAITHE

Chuir an gearánaí seo míriarachán Scéim Pinsin Oibrithe na Cónaidhme Tionscail Fhoirgníochta i leith a fhostaitheora sa mhéid is gur chlis air é a chlárú sa scéim ag tús a théarma fostaíochta agus gur chlis air na ranníocaí a bhí dlite le haghaidh na tréimhse fostaíochta iomláine a íoc.

I ndiaidh an imscrúdaithe cinneadh gur fostaí incháilithe a bhí sa ghearánaí faoin Scéim, go raibh sí i bhfostaíocht mar a mhaígh sé agus gur chlis ar a Fhostaitheoir é a chlárú leis an Scéim nó na ranníocaí riachtanacha a íoc. Rinne mé cinneadh i bhfabhar an ghearánaí agus d'ordaigh mé an Fostaitheoir an gannchuid sna ranníocaí a chur ina cheart.

Bhí roinnt cásanna den chineál seo i 2007.

SOCHAR MORTLAÍOCHTA

Líomhain an Gearánaí go raibh míriarachán i gceist sa mhéid is nár chláraigh fhostaitheoir a mic éagtha é mar bhall Scéim Pinsin Oibrithe na Cónaidhme Tionscail Fhoirgníochta, agus dá bharr sin nach raibh aon sochar mortlaíochta iníochta ón Scéim i ndiaidh bhás a mhic.

Chinn lucht imscrúdaithe gur fostaí incháilithe faoin Scéim a bhí i mac an Ghearánaithe, go raibh sé i bhfostaíocht mar a maíodh agus gur chlis ar a Fhostaitheoir é a chlárú leis an Scéim ná na ranníocaí riachtanacha a íoc. Chinn mé i bhfabhar an Ghearánaithe agus chuir ceangal ar an bhFostaitheoir méid cothrom leis an sochar báis a bhí iníochta faoin Scéim a íoc.

Is baolach an gnó é tionscal na tógála. Maraíodh 18 nduine trí thimpiste sa tionscal i 2007. Fuair oibrithe tógála eile bás nádúrtha, de bharr timpistí bóthair agus trí fhéinmharú. Dealraíonn go bhfuil fhostaitheoirí toilteanach dul sa seans maidir leis an mbaol go bhfaighidh fostaí bás gan aon chlúdach mortlaíochta a bheith ann agus ní chreidim cén fáth. Sna cásanna sin is féidir méadú as cuimse a theacht ar an gcostas deiridh don fhostaitheoir i gcomórtas leis an méid a d'íocfaí i ranníocaí dá mba rud é gur chaith siad lena bhfostaithe go hiomchuí. Is cás dom é go ndealraíonn sé go mbreathnaíonn iniúchóirí na gcuideachtaí sin ar ranníocaí atá fós gan íoc amhail a bhreathnódh siad ar fhiach ar bith eile, gan aon smaoineamh ar céard a tharlódh níos deireanaí mura n-íocfaí an cineál áirithe sin fiacha. Is drochbhainistiú baoil é sin. Ní shamhlódh siad riamh faillí a dhéanamh maidir le árachas eile a fhágáil gan íoc, ach b'fhéidir gur mó an baol don fhostaitheoir ranníocaí a fhágáil gan íoc ná aon bhaol eile.



I gcás eile líomhain an Gearánaí míriarachán sa mhéid is nár chláraigh fostaitheoir a fir éagtha é mar bhall Scéim Pinsin Oibrithe na Cónaidhme Tionscail Fhoirgníochta, agus dá bharr sin nach raibh aon shochar báis iníochta ón Scéim i ndiaidh bhás a fir.

Chinn lucht imscrúdaithe gur fhostaí incháilithe faoin Scéim a bhí i bhfear an Ghearánaithe, go raibh sé i bhfostaíocht mar a maíodh agus gur chlis ar a fhostaitheoir é a chlárú leis an Scéim ná na ranníocaí riachtanacha a íoc. Go luath san imscrúdú d'admhaigh an Fostaitheoir, ar chara an teaghlaigh a bhí ann, go raibh sé freagrach sa chás. I ndiaidh idirghabháil na hOifige, thángthas ar chomhaontú maidir le híocaíochtaí céimithe, rud a bhí an dá thaobh sásta leis.

SEIRBHÍS COMHORDAITHE – AISÍOC AISCE PÓSTA

Fuair an gearánaí sa chás seo aisce pósta de £1,862 (€2,364.25) nuair a scoir sí (go héigeantach) le fostaitheoir san earnáil phoiblí i 1973. D'fhostaigh an fhostaitheoir sin in athuair í ar bhun páirtaimseartha agus ar deireadh thiar chuaigh sí isteach sa Scéim Pinsin i 2003 nuair a glacadh léi mar bhuanbhall ar an bhfoireann. Mar dhuine a ceapadh do phost lánaimseartha tar éis an 6 Aibreán 1995 d'íoc sí ÁSPC Rang A agus bhí sí inphinsin ar bhonn comhtháite nó comhordaithe.

Maidir le ball bainean a fuair aisce pósta agus atá fostaithe in athuair foráiltear i rialacha na scéime go ríomhfaidh sí a seirbhís roimh ré tríd an íocaíocht a fuair sí tráth a d'fhág sí seirbhís a chéadair a aisíoc móide ús iolraithe ag ráta a chinneadh an tAchtúire, agus méid cothrom leis an gcuid de thuarastal na bliana a fuair sí mar aisce nuair a phós sí ach bunaithe ar luach uasghrádaithe an tuarastail ar ar ríomhadh an sochar sin. Bíonn socruithe mar sin coitianta san earnáil phoiblí.

Roghnaigh an gearánaí a seirbhís roimh phósadh a ríomh agus d'íoc sí an méid a bhí dlite ar ais agus ghothaigh sí creidmheas de 15.06 bliana mar gheall air sin. Faoi rialacha na scéime ní mór go mbeidh an tseirbhís seo a pinseanaíodh ar bhonn neamh-chomhordaithe an chéad lá riamh, ríofa ar bhonn comhordaithe. D'áitigh an gearánaí go raibh sin éagóir agus leatromach toisc go raibh na ranníocaí bunaidh déanta ar bhonn tuarastail iomláin (.i. gan coigeartú le haghaidh comhordaithe). D'áitigh sí freisin gur dúradh di go n-íocfaí an sochar ba thoradh ar aisíoc na haisce pósta ar bhonn "roimh 1995" (neamh-chomhordaithe), cé nach raibh aon fhianaise maidir leis sin ar taifead sa chomhad.

Is é bun agus barr an scéil seo nuair a roghnaíonn duine do sheirbhís roimh phósadh a ríomh gurb é a dhéanann an duine sin i ndáiríre *líon blianta seirbhíse* agus ní *teidlíocht phinsin* a cheannach ar ais. Is príonsabal seo a fheidhmíonn ar fud na seirbhíse poiblí i dtaca le haischeannach seirbhíse. An tseirbhís a cheannaítear ar ais ríomhtar í de réir rialacha na scéime áirithe atá i gceist. Sa chás seo ní mór do dhaoine a ceapadh ar nó i ndiaidh an 6 Aibreán 1995 an ráta iomlán ÁSPC a íoc agus déanfar comhordú idir a dteidlíochtaí agus a dteidlíochtaí Leasa Shóisialaigh. Cuireadh in iúl sa chinneadh faoi nós imeachta Réiteach Díospóidí Inmheánacha go gcaithfidh an tseirbhís a cheannaigh an gearánaí ar ais bheith cónasctha lena sochair faoi théarmaí na Scéime tar éis '95 agus nach féidir í a ríomh mar shochar leithleach.



Tar éis imscrúdú a dhéanamh chinn mé gur cuireadh rialacháin na Scéime Aoisliúntais i bhfeidhm i gceart sa chás seo. Faoi Alt 139(2) d’Acht na bPinsean níl Fear an Phobail um Pinsin i dteideal aon chinneadh a dhéanamh a cheanglaíonn leasú ar rialacha scéime agus mar sin níl sé i dteideal an cinneadh a fuair tú faoin nós imeachta Réiteach Díospóidí Inmheánacha a chur ar cheal. Sna himthosca sin ní raibh an dara rogha agam ach diúltú don ghearán.

TRÁCHT:

Ciallaíonn aisíoc aisce phósta le hús go gceannaítear ar ais seirbhís roimh ré a caitheadh i dtraipisí chun an aisce a fháil – in go leor cásanna ní bheadh caomhnú sochar ar fáil mar rogha ag an am. D’fhéadfadh go mbeadh rudaí beagáinín difriúil i gcás duine a d’fhág fostaíocht le sochair chaomhnaithe agus a d’fhill níos deireanaí chun dul i mbun fostaíochta in athuair mar “iontrálaí nua”. Mura raibh an tseanseirbhís comhordaithe beidh sé de rogha aige nó aici go ginearálta an tseanseirbhís a ríomh mar sheirbhís neamh-chomhordaithe agus an tseirbhís nua a ríomh mar sheirbhís comhordaithe. Beidh an tseanseirbhís inphinsin, ar ndóigh, de réir an ghráid a bhí ag an duine roimhe agus beidh an tseirbhís nua pinseanaithe de réir ghrád láithreach an duine. Dá bhrí sin braitheann an cheist maidir le cé acu de mhodhanna déileála leis an tseirbhís is mó buntáiste ar cé acu an bhfuair an duine céim in airde tar éis filleadh ar ais dó nó di nó nach bhfuair. Oibríonn pearsanra aoisliúntais amach an dá rogha de ghnáth agus chuireann in iúl don bhall ag am scoir dó/di cé acu is fearr.

RANNÍOC/“SPRIOC-SHOCHAR” SAINITHE GAN BHEITH ATHBHREITHITHE

Sa chás seo d’iarr an gearánaí orm a chás a thabhairt go dtí Bord an bPinsean. Mhínigh dé dom gur thuig sé ag an am a chuaigh sé isteach sa scéim gur ar bonn Sochar Sainithe a bheadh a Shochar Pinsin, gur 60% dá thuarastal ag am scoir dó a bheadh ann. D’áitigh sé gur scoir comhghleacaí leis, a raibh teidlíocht cosúil leis aige, i 2002 leis an dteidlíocht sin. D’áitigh sé freisin go bhfuair comhghleacaí eile leis, a chuaigh isteach sa chuideachta ina dhiaidh, gealltanais pinsin de 60% i scríbhinn.

Dhealraigh sé gur aithríodh rialacha na scéime tar éis dó dul isteach inti, ó Scéim Sochar Sainithe go Scéim Ranníoca Sainithe. Dúirt sé nár aontaigh sé ná nár thug sé cead don athrú sin “rud ar chóir dó a dhéanamh de réir na rialacha”. Dúirt sé gur aithríodh rialacha na scéime arís (níl aon dátaí sonrath). Luaigh sé freisin gur aithríodh lontaobhaithe na Scéime i 2005 gan aon chomhaontú ná chead uaidh.

Tar éis go leor cumarsáide rinne Bord na bPinsean Cinneadh gan éisteacht ó bhéal gur Scéim Ranníoca Sainithe a bhí so scéim. Ba mhian leis “achomharc a dhéanamh go láidir i gcoinne an chinnidh seo” agus chuir i leith na n-lontaobhaithe nach raibh siad ag gníomhú ar leas thairbhíthe na scéime. Dúirt mé leis nárbh fhéidir leis áis a bhaint as an Oifig agam chun achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh Bhord na bPinsean, toisc go raibh sin



taobh amuigh de mo théarmaí tagartha; b'fhéidir áfach go mbeadh bunús gearáin aige dá mb'amhlaidh nach rabhtas ag urramú teidlíochta a bhí aige. Sula ndéanfaí imscrúdú áfach níor mhór an cás a chur os comhair Réiteach Díospóidí Inmheánacha (RDI).

I ndiaidh moill fhada d'eisigh na hlontaobhaithe Fógra Cinnidh ina ndiúltaigh siad do éileamh an ghearánaí ar phinsean sochair shainithe, agus chuir in iúl nach raibh siad ina bpáirtí in aon ghealltanais a tugadh, má tugadh, taobh amuigh de fhorálacha rialacha na scéime. D'admhaigh siad áfach go ndearnadh roinnt earráidí le linn dóibh a shochar bás-sa-seirbhís a chur in iúl don ghearánaí. Dhiúltaigh an gearánaí don chinneadh seo agus ghlac mé an gearán lena fhiosrú.

Cuireadh cóip de rialacha na scéime bunaidh dátaithe 1 Meitheamh 1979 ar fáil dom agus dhealraigh sé gur Scéim Sochair Shainithe a bhí ann. Ba shoiléir áfach gur cuireadh scéim "spríoschochair" ina áit i 1982 [scéim ranníoca sainithe é sin, a bhfuil sé de rún leis ach nach bhfuil sé ráthaithe leis, leibhéal áirithe sochair a sholáthar ag am scoir]. Tá sé ráite go sonrach sa leabhrán a bhaineann le scéim na bliana 1982 "má tá tú cuimsithe i Scéim Sochar Scoir agus Báis i Seirbhís an 31 Bealtaine 1979 go mbeidh sonraí faighte agat maidir le haon fhorálacha speisialta a mbeidh feidhm acu maidir leat". B'fhachthas go raibh sin ag cur in iúl go raibh daoine áirithe arbh fhéidir go raibh "gealltanais...taobh amuigh de rialacha na scéime" mar a thug na hlontaobhaithe air, tugtha dóibh. Ní raibh an gearánaí ina bhall den scéim i 1979 áfach agus dá bhrí sin ní raibh sé soiléir go mbeadh aon chineál gealltanais "taobh amuigh de rialacha na scéime" tugtha dó i 1982 nuair a aithríodh na rialacha.

Tá sceideal Sochair ann áfach dátaithe 1 Meitheamh 1986 a thaispeánann triúr ó fhoireann na bhfostaithe, beirt acu, lena n-áirítear an gearánaí, "a bheidh i dteideal pinsin de 60% de thuarastal" agus an tríú duine a bheidh i dteideal "50% de thuarastal". Chonaic mé litir freisin, ar litir ceapacháin a bhí ann de réir dealraimh [ainm an seolaithe scriosta] ón bhfostaitheoir i 1992, a thairg ceapachán ar feadh tréimhse thrialach de 12 mhí, ina raibh an mhír a leanas: "Sochair Phinsin 60% de thuarastal, Sochar Bás-i-Seirbhís, ceithre uaire an tuarastail. Ranníoc fostaithe 3.5% den tuarastal iarbhír....."

Ba léir mar sin go raibh an fostaitheoir ag tairgeadh pinsean d'fhostaithe ionchasacha ar bhonn rud ba chosúil le Sochar Sainithe chomh deireanach agus 1992. Tar éis an doiciméadú a scrúdú tháinig mé ar an tuairim go raibh sé i gceist na sochair a leagan amach ar bhunús "sprice" chomh luath le 1982 is dócha, ach feictear nach raibh sin soiléir do na baill uile, agus go háirithe don ghearánaí. Bhí sé soiléir áfach go bhfuair an gearánaí féin faisnéis gan athbhrí maidir le cineál na scéime faoi cheann 1993.

I 2002 fuair an gearánaí litir ar son iontaobhaithe na scéime, ag rá go raibh athbhreithniú déanta acu ar an scéim d'fhonn "an scéim a thabhairt go caighdeán nua-aimseartha". Shonraigh an litir na sochair measta bunaithe ar rátaí ranníoca reatha (faoim am seo 14.1% de thuarastal ón bhfostaitheoir agus 3.5% ón mball), agus mhol go méadófaí ranníocaí na mball go 5% ar a laghad. De bhreis air sin mhol sé dó a ranníoc féin a mhéadú go 15%.



Bhí fianaise ann go raibh lámh ag ceardchumann in iarrachtaí feabhas a chur ar an scéim pinsin, agus ba léir freisin go raibh faillí déanta ag an bhfostaitheoir agus a chomhairleoirí na sochair “sprice” a choinneáil faoi léirmheas, sa mhéid go dtitfeadh a raibh anois ar fáil faoin scéim cuid mhaith faoi bhun an méid a rabhthas ag tabhairt le tuiscint do na baill gur féidir leo bheith ag súil leis. Is é buntréith scéim spriocshochair gur scéim ranníoca sainithe atá inti go teicniúil, ach go gheallann an fostaitheoir an scéim a mhaoiniú sa chaoi is gur dócha go dtairgfídh sí sochar de mhéid áirithe, nó codán nó céatadán áirithe de thuarastal deiridh.

Sa chás seo níl aon amhras ach gurbh é a bhí ar intinn an fhostaitheora gur chóir go bhfaigheadh na baill an sprioc bunaidh de 60% den tuarastal deiridh. Ní léir áfach gur thuig an fostaitheoir céard go beacht a bhí sé a dhéanamh. Ní gá is dócha athbhreithnithe a dhéanamh chomh minic céanna agus is gá iad a dhéanamh i gcás Scéimeanna Sochair Shainithe de réir reachtaíochta, ach tá sé den tábhacht go ndéanfaí athbhreithnithe tráthrialta agus, go háirithe, is gá mionscrúdú a dhéanamh ar an scéim agus ar a hacmhainn an sprioc atá beartaithe di a aimsiú nuair a thagann athrú ar imthosca seachtracha. Ní raibh aon fhianaise ann go ndearnadh athbhreithniú ar an scéim seo go tráthrialta thar na blianta i bhfianaise na titime ar rátaí úis, an méadú ar fhad saoil phinsinéirí, etc., cé gur méadaíodh ranníoc an fhostaitheora in imeacht ama (is dócha i roinnt incrimintí) ó 6.5% go 14.1% den tuarastal, fianaise go ndearnadh roinnt athbhreithnithe.

Tháinig mé ar an tuairim nach míriaracháin maidir le scéim pinsin a bhí i gceist go bunúsach san ábhar gearáin a rabhthas ag iarraidh orm a bhreithniú, amach ó fhógairt i leith sochar bás-i-seirbhís a ndearnadh míriarachán orthu. Is éard a bhí i gceist struchtúr agus cineál na scéime agus na hathruithe a rinneadh uirthi. Ábhar a bhain le caidreamh tionsclaíoch seachas le pinsean a bhí ansin agus ní dhéanfainn cinneadh maidir leis. Tar éis an réamhbharúil a rinne mé áfach, a bhí criticiúil maidir leis an dóigh a láimhseáladh rudaí thar na blianta, scríobh an fostaitheoir chugam go raibh ordú tugtha aige dá chomhairleoirí athbhreithnithe a sheoladh ar shochair bhaill uile na scéime agus na torthaí a chur in iúl dóibh. Thug na comhairleoirí féin a mbarúil féin agus dúirt, go mbeadh rannphárteachas méadaithe ó idir fhostaitheoir agus bhaill de dhíth chun feabhas a chur ar chúrsaí, an staid ina raibh an saol airgeadais faoi láthair curtha san áireamh.

DÍOSPÓID MAIDIR LE MÉADÚ SOCHAR

Chuaigh an gearánaí sa chás seo i mbun fostaíochta le fostaitheoir san earnáil phríobháideach nuair a bhí 39 mbliana d’aois slánaithe aige. D’aontaigh an Fostaitheoir a sochar pinsin faoin bplean a mhéadú faoi réir 3 athbhreithniú feidhmíochta shásúla i gcaitheamh na 10 mbliana ina dhiaidh sin, *“sa chaoi is go mbeidh tú i dteideal pinsean iomlán 40/60 nuair a bheidh 65 bliana d’aois slánaithe agat”*. Deonáíodh an tairgeadh seo 15 bliana breise de sheirbhís dó tráth a ríomhfaí a theidliocht ar pinsean nuair a bheadh 65 bliana d’aois slánaithe aige.

Tar éis dhá athbhreithniú feidhmíochta rathúla deimhníodh a pinsean ionchasach mar an 35/60ú cuid dá thuarastal; bheadh sé iníoctha nuair a bheadh 65 bliana d’aois slánaithe



aige. Níos deireanaí fuair sé céim in airde agus thuig sé leis an gcéim in airde sin go mbeadh a Ghnáthdháta Pinsin (GDP) sroichte aige nuair a bheadh 60 bliain d’aois slánaithe aige. Dealraíonn sé nach bhfuair sé aon chomhairle shoiléir maidir le cén chaoi a rachadh sin i bhfeidhm ar a sheirbhís inphinsin. Níos deireanaí fós chuaigh sí ar iasacht go dtí cuideachta eile laistigh den ghrúpa agus a théarmaí agus a choinníollacha coinnithe aige.

Roinnt blianta ina dhiaidh sin dúradh leis go rabhthas ar tí deireadh a chur lena théarma fostaíochta faoi “chlár luathimeachta” agus tairgeadh dó sochar pinsin mar a leanas: *“Bunaithe ar d’aois agus ar do sheirbhís ag dáta imeachta duit.....uasphinsean caomhnaithe ioncaim iníoctha nuair a bheidh 60 bliain slánaithe agat.”* Thug sé dúshlán bhunús an ríomha toisc gur shíl sé gur chóir go mbeadh a phinsean ríomhtá sa dóigh go gcuirfí san áireamh (i) naoi mbliana a d’oibrigh sé go hiarbhír, (ii) 15 bliana breise geallta dó ar choinníoll athbhreithnithe sásúla feidhmíochta móide (iii) 5 bliana breise deonaithe nuair a bogadh an GDP go 60 bliain d’aois. Shíl sé freisin dá dtabharfaí dó an t-uasphinsean ioncaim go bhféadfaí cur leis an tuarastal inphinsin a úsáideadh sa ríomh seo d’fhonn cuntas a thabhairt ar thuilleamh eile cosúil le scéimeanna scair-rogha. Chinn na hiontaobhaithe i gcoinne an ghearánaithe le linn dóibh a ghearán faoi phróiseas RDI na scéime a scrúdú.

Tar éis an cás a scrúdú go mion chinn mé gur gheall an fostaitheoir go gcuirfeadh sé chun sochair an ghearánaithe seirbhís bhreise le linn dó an pinsean a ríomh ag aois scoir. Rinneadh an gealltanas seo faoi théarmaí a chonartha fostaíochta agus gheall sé teidlíocht de bhreis ar a theidlíocht faoi rialacha Scéim na bPinsean. Rinne an fostaitheoir soláthar chun an sochar breise seo a dhaingniú faoin bPlean Pinsin de bhíthin rogha a dhéanamh agus a shochair a mhéadú trí úsáid a bhaint as modh maoinithe, a mheasfá a bheith réasúnach agus gnáthach, le haghaidh na mblianta breise seirbhíse thar an tréimhse go dtí aois scoir.

Nuair a cuireadh deireadh lena thréimhse seirbhíse agus gan ach 9½ mbliana den 20½ bliain a d’fhéadfadh bheith seirbheáilte slánaithe aige, ar ndóigh ní raibh ach an chionmhaireacht chéanna den phinsean ionchasach daingnithe. Go deimhin bhí i bhfad níos mó déanta ag an bhfostaitheoir ná mar bhí dlite air a dhéanamh chun idir sheirbhís inphinsin agus phá inphinsin a ríomh. Bhreithnigh mé gur ó chonradh fostaíochta nach raibh aon chumhacht agam breithniú a dhéanamh ina leith a tháinig an gealltanas maidir le creidmheas breise seirbhíse chun críche pinsin. De bhreis air sin ní fhéadfainn an gearán a bhreithniú ach i dtéarmaí na caoi ar déileáladh leis an ngearánaí faoin bplean pinsin. Ní féidir liom rialacha aon phlean pinsin a athrú ná mo chinneadh a chur in áit aon chinnidh a eascraíonn ó chumhacht lánroghnach a fheidhmítear go cuí.

I gcumarsáid éagsúil leis an ngearánaí bhí an scála pinsin mhéadaithe a sholáthrófaí ag aois scoir leagtha amach go follasach ag an bhFostaitheoir. Níor tugadh aghaidh áfach ar an gceist maidir le cén chaoi a bhfabhródh sochar pinsin breise ná cén chaoi a ndéileálfaí leis, sa chás go bhfágfadh duine seirbhís roimh aois scoir, go dtí gur tháinig lá a scortha go hiarbhír. Ba é a bhí ina cheap diospóide anseo malairt tuairime maidir le bunús an ríomha a mbainfí úsáid as le linn sochar pinsin a ríomh tar éis seirbhís a fhágáil. Tar éis réamhscrúdú dóthanach a dhéanamh, dhiúltaigh mé cinneadh ó dhlí nó ó fhíoras a dhéanamh maidir leis an diospóid seo agus níor ghlac mé léi le haghaidh imscrúdú ginearálta.



INCHÁILITHEACHT FAOI RÉIR ROGHA AN FHOSTAITHEORA

Sa chás seo chuaigh an gearánaí isteach i ngnó a fhostaitheora i luathbhlianta na 1980aidí agus i 1999 fuair sé ardú céime go saoiسته monarchan. Mar chuid dá idirbheartaíocht leis an bhfostaitheoir ag an am d'ardaigh sé ceist soláthar pinsin. Tugadh le fios dó áfach nach gcuimseofaí é sa phlean pinsin ag an am sin ach go ndéanfaí athbhreithniú ar an gceist bliain níos faide ar aghaidh. Ag athbhreithnithe ina dhiaidh sin cuireadh in iúl don ghearánaí nach raibh an fostaitheoir in ann soláthar pinsin a dhéanamh dó de bharr imthosca airgeadais an ghnó.

D'áitigh an gearánaí go bhfuair sé amach ina dhiaidh sin gur glacadh le comhghleacaí dó sa scéim pinsin i ndiaidh don fhostaitheoir a chur in iúl don ghearánaí nárbh fhéidir ar chúiseanna airgeadais glacadh leis an ngearánaí. Chuaigh an caidreamh idir an fostaitheoir agus an fostaí i ndonas agus tá an cás curtha faoi bhráid na hOifige seo.

Chinn an lucht scrúdaithe gur cheist mhaighdeogach a bhí i gceist an tsoláthair phinsin don ghearánaí ón uair ar tairgeadh an post mar shaoiste monarchan dó. Cé gur shoiléir nár sholáthair an fostaitheoir aon ráthaíochtaí scríofa riamh go ndéanfaí soláthar pinsin don ghearánaí, bhí an gearánaí ag súil leis go gcuimseofaí i scéim pinsin é.

Breithníodh an doiciméadú a rialaigh an scéim pinsin agus ba shoiléir go raibh an ligean isteach sa scéim lánroghnach. Ní raibh aon oibleagáid ag an bhfostaitheoir faoi rialacha na scéime nó faoi chonradh fostaíochta an ghearánaithe é a chuimsiú sa scéim pinsin.

Dhealraigh go raibh caidreamh maith idir an fostaitheoir agus an gearánaí go dtí gur tháinig ceist an phinsin aníos. Thairg an fostaitheoir céim in airde dó agus ghlac sé leis, agus ghlac sé le heiteach an fhostaitheora é a thabhairt isteach sa scéim pinsin i dtosach agus bhí sé réidh le fanacht go dtí gur tháinig feabhas ar chúinsí airgeadais an fhostaitheora.

Mar a dúradh níos luaithe ní raibh an fostaitheoir faoi aon oibleagáid é a thabhairt isteach sa scéim pinsin; ba chóir déileáil leis an gcás ar bhealach níos íogaire áfach agus ba chóir don fhostaitheoir iarracht níos treise a dhéanamh chun an cás a réiteach sular tháinig an briseadh sa chaidreamh.

Níor aimsigh an t-imscrúdú míriarachán a d'fhág go raibh cailteanas airgid agus mar sin níor seasadh leis an ngearán.

Tá sé den tábhacht nach ngeallfaidh fostaitheoir rudaí nach bhfuil sé ar a chumas a chomhlíonadh. Rud níos tábhachtaí fós is ea gan dréimeanna a chothú go miréasúnta. Sa chás áirithe seo ní raibh sé soiléir an d'aon úim a bhí an fostaitheoir á iompar féin go suarach nó an de bharr easpa cúraim.

TEIDLÍOCHT BHAILL AR FHÁGÁIL SEIRBHÍSE DÓ A DHEIMHNIÚ

Cuireadh gearán faoi bhráid na hOifige nuair a fuair iarbhall scéim pinsin amach go raibh a theidlíocht, mar a thuig seisean, briste agus go raibh a luach géillte íoctha don fhostaitheoir. Iarradh orm breithniú a dhéanamh faoi cé acu a bhí an ball i dteideal an sochair phinsin nó nach raibh.

Bhí an gearánaí ina bhall sa scéim ar feadh níos lú ná cúig bliana nuair a d'fhág sé seirbhís an Fhostaitheora i 1994. Níor fiafraíodh san fhoirm uirill a chomhlánaigh an Fostaitheoir tráth a tugadh isteach an scéim an mbeadh feidhm ag dílseachán uathoibríoch tráth a d'fhágfadh sé an tseirbhís. Ní dhearna an doiciméad ná na rialacha a raibh an scéim faoina réir aon tagairt do cheart uathoibríoch baill ar shochair fhabhráithe tráth a d'fhágfadh sé seirbhís ach dúradh ann go raibh rogha ag an bhfostaitheoir cinneadh a dhéanamh faoi an íocfaí sochar don bhall. Faoi théarmaí Cuid III d'Acht na bPinsean 1990 a bhí i bhfeidhm ag an am bhí ar fostaí cúig bliana iomlána de bhallraíocht i scéim pinsin a shlánú chun cáiliú le haghaidh sochar caomhnaithe.

Ar fhágáil na seirbhíse dó ní fuair an Gearánaí na roghanna fágála seirbhíse maidir leis an scéim pinsin a raibh teidlíocht aige orthu, cé go bhfuair sé ó 1995 ar aghaidh luachanna uasdátaithe den sochar a bhí coinnithe faoin scéim.

I 2002 ghabh úinéirí eile an chuideachta ar láimh agus gheall an fhostaitheoir nua go gcoinneodh sé an scéim pinsin a bhí ann i bhfeidhm. In athbhreithniú a rinne soláthraí na scéime níos deireanaí thug sé faoi deara nach raibh an bhallraíocht scéime de 5 bliana a bhí dlite de réir reachtaíochta comhlánaithe ag an Éilitheoir. Dhírigh siad aird na nÚinéirí nua air sin agus dúirt go bhféadfaí luach géillte a íoc dóibh dá n-iarrtaí air ach ní chuir siad cúlra an cháis in iúl dóibh, is é sin:-

- Gur luadh luachanna a bhain le “teidlíocht” don iarbhall thar thréimhse na 10 mbliana a bhí caite.
- Go raibh súil le teidlíocht ag an iarbhall bunaithe ar an gealltanais a mhaígh sé go bhfuair sé óna fhostaitheoir bunaidh agus neartaithe le luachanna sochair a fuair sé thar na blianta ó d'fhág sé fostaíocht.
- Go raibh sé de rogha ag an bhFostaitheoir faoi na rialacha a chinneadh an mbeadh sochar le fáil ag ball tráth a d'fhágfadh sé seirbhís.

Nár fhiafraigh an soláthraí den fhostaitheoir bunaidh tráth a tugadh isteach an scéim an mbeadh feidhm ag dílseachán uathoibríoch faoin scéim, ná nár iarradh sé soiléiriú uaidh i 1994 tráth a d'fhág an ball tseirbhís, ná nuair a d'éirigh eatarthu i 2004.

I Lúnasa 2004 íoc an soláthraí luach géillte don fhostaitheoir nua. Nuair a cuireadh sin i bhfios don bhall chuaigh sé go dtí an fhostaitheoir bunaidh a dhíol an gnó don úinéar reatha agus dheimhnigh an fhostaitheoir bunaidh dó go raibh sé ar a intinn riamh go rachadh fáiltas na scéime pinsin chun sochar an bhaill agus nach chun sochair aon duine eile, nach raibh aon teagasc eisithe aige contráilte leis sin agus nach bhfuair sé riamh luach géillte ón soláthraí.



Chinn mé go raibh míriarachán i gceist ar thaobh an tsoláthraithe/Riarthóra sa mhéid is nár shoiléirigh sé mar is cuí an staid a raibh rudaí sular íoc sé luach géillte sa chás seo. Bhí sé míchuí gur chuir sé an fhreagracht ar an bhfostaitheoir/lontaobhaí nua, nach raibh ina pháirtí sa chinneadh tionscnaimh, agus nach raibh sé doiciméadaithe go hiomlán faoin scéim pinsin go raibh sé ag tógáil ionad an iarfhostaitheoir mar Phríomhfhostaitheoir/lontaobhaí.

Nuair a cuireadh ceist maidir le teidlíocht an bhaill ar chearta dílsithe ar an iarfhostaitheoir/lontaobhaithe deimhníodh go raibh an scéim cruthaithe go heisiach chun leasa an bhaill. Le linn dom seasamh le teidlíocht an bhaill ar shochar na scéime pinsin d'ordaigh mé don fhostaitheoir nua seic an luacha géillte móide ús a thabhairt ar ais don soláthraí. Chuir mé de fhreagracht air an oiread agus ba ghá chun sochar an ghearánaithe a thabhairt go dtí an luach reatha a bheadh aige dá mba rud é nár géilleadh é i 2004 a chur leis sin.

DROCHSHLÁINTE LUATHSCOR AGUS RDBANNA

Chuir an gearánaí a ghearán isteach ina dhá chuid agus rinne an Oifig scrúdú cuimsitheach ar an dá ghné.

Bhain an chéad cheann leis an bpróiseas a chuaigh roimh deonú pinsean luathscor ar fhorais drochshláinte agus le háitiú an ghearánaí gur chóir go mbeadh íocaíocht an phinsin fheabhsaithe seo siardhátaithe go dtí an dáta a d'éirigh sé as den chéad uair. Níorbh fhéidir liom seasamh leis an gcuid sin den ghearán ach sheas mé leis an ngearán a bhain le riarachán a shochar RDB.

Tá sochar luathscor ar fhorais drochshláinte éagsúil le teidlíocht Scéime ar féidir le ball a éileamh agus cailteanas airgeadais a líomhain mura bhfuil sé íoctha de réir mar a bhíonn súil aige leis. Bhí deonú sochar luathscor ar fhorais drochshláinte faoin Scéim faoi réir chead an Fhostaitheora. Is rogha é an chead agus tá sé dílsithe don Fhostaitheoir. Ní hamháin go mbeidh deonú ceada ag brath ar thíolacadh fianaise leighis nó ar shocrú a dhéanfar maidir le haon costais a bheidh i gceist – is cumhacht níos forleithne í ná sin.

Sa chás seo d'fhulaing an gearánaí buairt agus strus agus thabhaigh sé caiteachas le linn dó a uiríoll a dhéanamh os comhair an Fhostaitheora. Níl sé de chumas agam áfach de réir mo shainchúram cúiteamh a thabhairt dó i gcúrsaí dá leithéid – is é an t-aon rud is féidir liom a dhéanamh a chinntiú go bhfaighidh sé a theidlíocht cheart faoi Rialacha na Scéime. Ní raibh teidlíocht uathoibríoch aige faoi Rialacha na Scéime ar shochar luathscor ar fhorais drochshláinte agus ba é an t-aon sochar a bhí iníoctha ina leith an sochar a d'fhéadfadh a fhostaitheoir a thabhairt dó dá rogha féin.

Bhí dualgas ag an bhFostaitheoir le linn dó a rogha a dhéanamh a áirithiú go raibh dóthain fianaise leighis ann chun an t-éileamh a thacú, nach gcuirfeadh soláthar sochair dá leithéid maoiniú na Scéime ná soláthar teidlíochtaí do bhaill eile na scéime i mbaol agus go raibh sé sásta sochar luathscor ar fhorais drochshláinte a cheadú faoin Scéim.

I bhFeabhra 2005 rinne an Fostaitheoir a chinneadh deireanach sa chás agus cheadaigh sochar luathscoir ar fhorais drochshláinte ón Scéim, é siardhátaithe go mí Dheireadh Fómhair 2003. Níl sé ar mo chumas aon athrú ná leasú a dhéanamh ar an gcinneadh nó cinneadh de mo chuid féin a chur ina áit má tá mé sásta go ndearnadh an cinneadh ar mhodh cuí.

Cé gur léir go raibh deacrachtaí ann maidir le próiseas an cheadaithe a thabhairt chun críche tráthúla níorbh fhéidir liom seasamh leis an ngearán nó aon shásamh a thabhairt don ghearánaí maidir leis an gcóir a fuair sé le linn an phróisis. D’ordaigh mé don Fhostaitheoir áfach nós imeachta trédhearcach a bhunú agus a fhógairt chun déileáil le hiarratais ar shochar luathscoir ar fhorais drochshláinte amach anseo, le nach dtarlódh in athuair na fadhbanna a tharla sa chás seo.

Cinneadh go raibh míriarachán maidir le láimhseáil sochair RDB ag am scoir agus gur fhulaing an gearánaí roinnt chaillteanas airgeadais dá bharr. Ghéill an Fostaitheoir agus na hlontaobhaithe don phointe seo agus rinne an Fostaitheoir tairgeadh cúitimh de €3,094 sa Chinneadh RDI. Tairgeadh an méid seo móide luach reatha an airgid RDB a bhí i mbuantaisce, (níos mó ná €98,000). Mar chomhartha muinteartha thairg an Fostaitheoir táille de suas go €300 a íoc don ghearánaí chun comhairle neamhspleách airgeadais a fháil maidir le hinfheistíocht a chiste RDB.

Le linn dom fíricí an cháis a bhreithniú chreid mé gur tairiscintí cothroma agus réasúnta a bhí i ceachtar acu sin agus d’ordaigh mé an gearánaí glacadh leo d’fhonn an díospóid a réiteach.

IS RÓFHADA Ó SHIN A THARLA MÍRIARACHÁN

Dúirt an gearánaí gur chuir na hinstiúidí airgeadais ar chúram dóibh a scor a riar in iúl dó nach mbeadh fáil iomlán aige ar an gcnaphuim a bhí carntha tar éis infheistíocht íocaíocht iomarcach óna iarfhostaitheoir nuair a rinneadh iomarcach é i 1990. Is éard a bhí i gceist sa chás seo go bunúsach gur aontaigh comhairleoirí an fhostaitheora leis i 1990 go mbeadh “fáil iomlán” aige ar a chnaphuim ag am scoir dó agus anois go raibh sé faighte amach aige nach amhlaidh a bheadh. Thaispeáin sé i ndiaidh scrúdaithe go raibh banna scoir ceannaithe le ranníoc speisialta an fhostaitheora ach gur fágadh slán príomhshochair na scéime.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcumarsáid tháinig mé ar an tuairim gur tharla gníomh míriaracháin i 1990 sa mhéid is gur ceannaíodh banna scoir pearsanta. De bhrí gur tharla an míriarachán seo níos túisce ná an t-am is luaithe a cheadaítear an breathnú siar ní raibh sé de chead agam faoi Acht na bPinsean aon chinneadh a dhéanamh mar gheall air.

Níl le rá faoi ach nár chóir an banna a cheannach a chéaduair.

Ní raibh de rogha riamh ann fáltais an téarma préimhe a fháil mar íocaíocht, fiú amháin faoi réir cánach. Níorbh fhéidir liom a fheiceáil go raibh rogha dá leithéid riamh ann ach ba léir gur bh shin an tátal a bhain an gearánaí as an scéal.



Chinn mé gur chóir an gearán seo a chaitheamh amach. Tharla míriarachán ach ba dhifriúil cineál an mhíriaracháin uaidh sin a líomhain an gearáin i gcéaduaire agus tharla sé rófhada ó shin le go bhféadfainn aon chinneadh a dhéanamh maidir leis. Níor bhain aon mhíriarachán le riarachán an bhanna agus níor líomhnaíodh aon mhíriarachán i gcoinne na n-lontaobhaithe maidir le príomhshochair na scéime.

SOCHAR DÍOBHÁLA

Tá foráil i scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil maidir le híocaíocht Dámhachtan Díobhála i gcásanna a ngortaítear duine i gcúrsa a chuid oibre gan é bheith faillitheach as. Féadfar an sochar seo a íoc ar feadh tréimhse sealadaí, nó fiú ar feadh saoil, ag brath ar imthosca. Fuair mé gearán ó fhostaí san Údarás Áitiúil gur bhain díobháil thromchúiseach dó le linn dó bheith ar dhualgas – chaill sé géag dá barr – ach má chaill féin ní raibh an fostaitheoir toilteanach dámhachtain díobhála a íoc dó.

Rinneadh fiosrúchán agus thaispeáin sé nach raibh aon argóint maidir le dliteanas an fostaitheora i leith na timpiste inar gortaíodh an fostaí; bhí éileamh curtha isteach ag an ngearánaí chuig an mBhord um Measúnú Gortuithe Pearsanta agus ní íocfadh an fostaitheoir an dámhachtain díobhála faoin Scéim toisc go raibh faitíos air nach bhfaigheadh sé aon íocaíocht dá leithéid ar ais ón gcuideachta árachais. San idirlinn líomhain an Gearánaí gur tairgeadh trí rogha dó – go bhfaigheadh sé pinsean beag luathscoir (ba sách gearr a théarma seirbhíse); go leanfaí leis ag tabhairt pá bhreiteachta dó (ag an tráth seo bhí sé á fháil ar feadh tréimhse níos faide nó mar ba ghnáth); nó é a fhágáil gan tada (dhiúltaigh an fostaitheoir é seo).

Tháinig sé chun solais go raibh an gearánaí clúdaithe ag scéim Díobhálacha Ceirde a bhí ar tí deireadh a chur leis na híocaíochtaí, nach raibh i ndáiríre aon rogha ach pinsean beag iníochta faoin Scéim Aoisliúntais, in ainneoin go raibh meicníocht ar fáil don fostaitheoir faoin Scéim chun dámhachtain díobhála a dhéanamh. Ní raibh mé cinnte cén rogha a bhí ag an bhfostaitheoir sa chás agus d'fhiosraigh mé an scéal leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil; is iadsan a chuir in iúl dom gur faoin Údarás Áitiúil a bhí sé cinneadh a dhéanamh maidir le "cé acu a bhí na coinníollacha maidir le híocaíocht dámhachtain díobhála dá bhforáiltear i míreanna (a), (b) agus (c) d'Airteagal 109 (1) comhlíonta nó nach raibh. Má bhí siad comhlíonta is é an tuairim atá againn gur cóir Dámhachtain Díobhála a dheonú.

Rinne an Roinn tagairt do Litir Chiorcláin S.7/2001 a thug freagracht as gach Dámhachtain Díobhála do Bhoird Sláinte agus d'ospidéal ina ndeirtear an rud céanna. Tharraing mé aird an fostaitheora ar an bhfrása "ba chóir a dheonadh". Dhealraigh sé domsa gurb é an t-aon rogha a d'fhéadfadh bheith ag an bhfostaitheoir cinneadh a dhéanamh faoi cé acu an raibh na coinníollacha le haghaidh Dámhachtain Díobhála comhlíonta ag an ngearánaí nó nach raibh. Ní raibh aon cheist faoi cén chaoi tharla an díobháil sa chás seo agus dhealraigh gurbh é an príomhfhadhb a bhí ann an fhaitíos a bhí ar an bhfostaitheoir nach bhfaigheadh sé ar ais íocaíochtaí a dheonódh sé ar bhonn buan. Chuir an fostaitheoir i leith an bhfostaí áfach gur tugadh cuireadh dó dul i mbun athoiliúna agus gur thug seisean an eiteach dó sin agus b'shin cúis eile leis gur dhiúltaigh sé dámhachtain díobhála a chur san áireamh.

Chomhairligh mé don fhostaitheora gan an iomarca iontaobhe a thabhairt leis an bpointe deireanach toisc go raibh an gearánaí fós ag dul faoi scian an mháinlia ó am go chéile agus de réir na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh bhí sé ar mhíchumas 100% , agus dhealraigh sé nach dóigh go mbeadh sé in ann aon chúrsa athoilúna a dhéanamh go ceann i bhfad. Ar deireadh thiar d'aontaigh an fostaitheoir dámhachtain díobhála a dhéanamh ar bhonn sealadhach, agus athbhreithniú a dhéanamh air sin cibé uair a bheadh an t-éileamh ar shochar gortuithe pearsanta socraithe. Nuair a bhí sin aontaithe bhí mé in ann an t-imscrúdú a chur ar cheal gan Chinneadh foirmeálta a dhéanamh.

TRÁCHT:

Ní hé seo an t-aon chás inar dhiúltaigh Údarás Áitiúil dámhachtain díobhála a chur san áireamh fiú mura mbeadh aon amhras faoi dhliteanas as díobháil. Buntréith na ngearán sin is ea an faitíos nach mbeifear in ann íocaíochtaí dámhachtain díobhála a fháil ar ais agus dealraíonn go bhfuil a bhunús an fhaitís sin i bhfoclaíocht na bpolasaithe árachais. Cé nach féidir leis am Oifig agam idirghabháil a dhéanamh, tá sé le tuiscint ó na gearáin seo go bhfuil call éigin le hiniúchadh idirghníomhú Árachas Dliteanas Fostaitheora an Údaráis Áitiúil go ginearálta agus forálacha na scéime aoisliúntais. Tarraingíonn an drogall a bhíonn ar Údarás Áitiúla dámhachtanaí díobhála a chur san áireamh le linn bheith ag feitheamh ar chásanna cúirte maidir le gortuithe pearsanta cruatan ar na fostaithe lena mbaineann agus is iad na rudaí ar a dtugtar “sochair chomhthaobhacha” atá sna dámhachtanaí faoi rialacha na Scéimeanna Aoisliúntais, nár chóir go mbeadh aon tionchar acu ar thorthaí na n-éileamh seo ar chor ar bith, go háirithe nuair nach raibh dliteanas i gceist ar an gcéad dul síos.

GAN BHEITH INCHÁILITHE DON SCÉIM

Diúltaíodh don ghearánaí seo a bheith sa scéim pinsin le haghaidh Scéim Aoisliúntais na nGníomhaireachtaí Sláinte Ainmnithe.

I gcúrsa a téarma fostaíocht bhí sí ag obair go páirtaimseartha agus ní raibh sí incháilithe ag an am dul isteach sa scéim pinsin. Nuair a tharla faoi dheireadh go raibh sé ceadaithe di dul isteach sa Scéim Pinsin i bprionsabal bhí sí 65 bliana d’aois. Ar na coinníollacha a bhain le ballraíocht sa scéim pinsin bhí go raibh an duine sa bhfostaíocht agus faoi bhun 65 bliana d’aois an 1 Aibreán 1996, toisc gurbh é 65 an aois scoir éigeantach.

Bhí na 65 bliana slánaithe ag an duine seo an bhliain roimhe agus dá bhrí sin, faraor, ní raibh sí incháilithe le bheith ina ball de Scéim Aoisliúntais na nGníomhaireachtaí Sláinte Ainmnithe. Rinneadh botún áfach sa mhéid is gur cuireadh chuici litreacha ciorcláin, Foirmeacha Rogha, etc. éagsúla. Ba léir nach raibh an fostaitheoir i bhfios go raibh na 65 bliana slánaithe aice cheana agus dá bhrí sin soláthraíodh na doiciméid seo di trí thimpiste.

Ó tharla nach bhfuil mé in ann cinneadh a dhéanamh maidir le cén toradh a bheadh ar athrú ar rialacha scéime pinsin, bhí orm diúltú don ghearán seo. Ní raibh aon leithscéal maidir le hiompar an fhostaitheora arbh é a mhíchúram ab údar leis an olc nach beag a rinneadh ar an gearánaí.



CÁS CCPS – DEARBHÚ FAISNÉISE MÍTHREORAÍ

Cé go bhfuil cásanna a bhaineann le ÁSPCanna neamhchoitianta tá siad ag éirí níos coitianta le deireanas. I gcomhthéacs na ngearán seo ba mhaith liom é a chur ar thaifead nach raibh aon teorainn leis an gcomhoibriú a fuarthas ó sholáthraithe CCPS aon uair a d'iarr mé air agus mé ag féachaint leis na fadhbanna seo a réiteach.

Fear a chuir a ainm le Dreasacht SSIA an Rialtais faoinar íoc an Rialtas fordheontas dóibh siúd a d'íoc €7500 d'fhaltais SSIA isteach i socrú pinsin a thug an gearán seo chomh fada liom. D'áitigh an fear gur míthreoraíodh é, toisc go raibh sé ag íoc cánach ag an ráta ab airde agus nach bhfuair sé an íocaíocht a bhí sé ag súil leis.

Ba léir ón imscrúdú a rinneadh gur dhearbhaigh an tuarascáil faoin athbhreithniú a rinne an comhairleoir airgeadais go raibh tuarastal agus pinsean Stáit ag an ngearánaí. I bhfírinne tharraing an tuarascáil aird ar an fhíoras gurbh fhearrde na daoine a bhí ag íoc an ráta cánach ab airde, murach gur mhéid fíorbheag den ioncaim a bhí faoi réir cánach ag an ráta sin, ranníoc díreach a dhéanamh chuig scéim pinsin nó CCPS agus faoiseamh cánach a éileamh, seachas úsáid a bhaint as dreasacht phinsin SSIA ar léir go raibh sé deartha le haghaidh siúd ar an ngnáthráta cánach.

Ba léir gurbh é tuairim an ghearánaithe, tuairim nach raibh aon cheann de na doiciméid a fuair sé ag tacú leis, go mbeadh fáltais uile an CCPS saor ó cháin.

Diúltaíodh don ghearán seo. D'aontaigh an chuideachta árachais lena mbaineann, tar éis dom é a mholadh dóibh, go gcuirfeadh siad ceisteanna sonracha maidir le stádas cánach na gcliant ina gcuid doiciméid athbhreithnithe amach anseo.

Dhealraigh sé go raibh tuairim fhorleathan i measc pinsinéirí, de bhrí go raibh siad ag infheistiú a gcuid airgid san CCPS, go mbeadh na fáltais saor ó cháin go huathoibríoch. I bhfírinne ní féidir ach an ceathrú cuid a íoc saor ó cháin – beidh an chuid eile faoi réir cánach agus ag brath ar imthosca an duine aonair, b'fhéidir nach mbeadh sé ar fáil láithreach bonn nuair a thiocfadh an CCPS in aibíocht.

Bhí roinnt pinsinéirí a tháinig go dtí an Oifig seo agam an-trí chéile, toisc nuair a d'íoc siad isteach i CCPS go raibh airgead a bhí ina seilbh acu i ndiaidh cánach curtha ar ais arís acu san áit a mbeadh sé faoi réir cánach in athuair. Is é fírinne an scéil nár dearadh riamh an dreasacht phinsin SSIA mar bhealach chun brabús sciobtha a thabhairt do dhaoine a bhí éirithe as cheana féin, ach mar spreagadh do choigilteoirí beaga chun cuid dá raibh faighte acu ó SSIA a chur ar leataobh chuig a soláthar fadtéarmach scoir.

AG RÍOMH SEIRBHÍS OILIÚNA MAR SHEIRBHÍS INPHINSIN

Ba é bunús an ghearáin gur dhiúltaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí an tréimhse oiliúna mar Chigire Sláinte faoi Oiliúint a bhí curtha i gcrích ag an ngearánaí idir Deireadh Fómhair 1963 agus Meán Fómhair 1967 faoi Scéim (Comhtháthú) (Aoisliúntas) an Rialtais Áitiúil, 1998 a ríomh mar thréimhse inphinsin.



I Lúnasa 1963, d'fhreagair an Gearánaí fógrán i dtaobh Cúrsa Dioplóma i gCigearacht Sláinte. Chuir sé iarratas isteach agus glacadh leis ar an gcúrsa agus shínigh sé faoi Chomhaontú a rianaigh na coinníollacha maidir le ligean isteach ar an gCúrsa.

D'áitigh an gearánaí go raibh sé fostaithe ag an Roinn Sláinte le linn dó bheith rannpháirteach sa chúrsa, toisc gurbh iad a rialaigh a thinreamh ag an gcúrsa, a shochrúcháin oiliúna leis na húdaráis Sláinte éagsúla agus na saoire a thóg sé gach bliain a fhad is a bhí sé ar an gcúrsa. Bhí sé d'oibleagáid air faoin gComhaontú obair a fháil mar Chigire Sláinte a luaithe is a bheadh sé cáilithe agus, ina éagmais sin, fostaíocht a lorg, ar feadh cúig bliana ina dhiaidh sin, mar Chigire Sláinte le húdarás sláinte áitiúil agus leanúint i bhfostaíocht mar Chigire Sláinte ar feadh tréimhse chúig bliana.

Bhí sé áitithe ag an Roinn nach raibh blianta oiliúna na gCigirí Sláinte ríomhtha faoin Scéim go dáta.

Ardaíodh ceist dhlíthiúlacht an Chomhaontas a scríobh an Gearánaí faoi ag tús an chúrsa oiliúna mar shaincheist le linn phróiseáil an ghearáin seo. Breithníodh an tsaincheist sin mar chuid den imscrúdú agus cuireadh fios ar chomhad le comhairle dlíthiúil faoin tsaincheist chuig an Roinn Sláinte agus fuarthas é. Thug sin le tuiscint go raibh téarmaí an Chomhaontais ceart ón dtaobh teicniúil de, cé gur chinnte go raibh ceist ann maidir le infhorfheidhmithe an Chomhaontais i ndáil le haisioc táillí mura gcomhlíonfaí téarmaí an Chomhaontais.

Luaigh an Gearánaí cásanna Cúntóirí Ailtireachta agus teicneoirí saotharlainne faoi oiliúint ar ríomhadh a seirbhís faoi oiliúint ina dhiaidh sin faoi na scéimeanna ábhartha pinsin. D'áitigh an Gearánaí go raibh cosúlachtaí suntasacha idir a imthosca féin agus imthosca a chomhghleacaí a bhí ina Chúntóir Ailtireachta faoi oiliúint. Bhí na coinníollacha a bhain leis an iarratas le haghaidh Cúntóir Ailtireachta sonrathach go leor áfach sa mhéid is gur chuir siad in iúl na rátaí a d'íocfaí don iarrthóir rathúil, na huaireanta agus an láthair oibre agus oiliúna agus, níos suntasaí fós, fostaíocht ráthaithe dó ag deireadh an chúrsa. Chuir an Gearánaí iarratas isteach ar Chúrsa Dioplóma i gCigireacht Sláinte. San fhaisnéis a soláthraíodh maidir leis an gcúrsa um Chúntóir Ailtireachta bhí sé scríofa go mbeadh na hiarratasóirí ag cur iarratais isteach ar *"Chomórtas Oscailte do cheapachán chuig phost mar CHÚNTÓIR AILTIREACHTA FAOI OILIÚINT SA STÁTSEIRBHÍSE"*. I mo thuairim féin bhí imthosca an dá chás éagsúil le chéile. Is léir i gcás an teicneora saotharlainne nach bhféadfaí seirbhís dá leithéid a ríomh ach tar éis idirbheartaíocht lena chumann ionadaíoch.

Faoi láthair níl aon fhoráil faoin Scéim a cheadaíonn don tréimhse oiliúna do Chigirí Sláinte a bheith inphinsin.

Níorbh fhéidir liom faoin reachtaíocht a rialaíonn mo Oifig a ordú go ndéanfaí athrú ar fhorálacha na Scéime lena cheadú go mbeadh an tréimhse oiliúna do Chigirí Sláinte ríomhtha mar inphinsin. Is léir nuair a d'ardaigh an Gearánaí an cheist faoi ríomh na seirbhíse oiliúna gur bhreithnigh idir an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Airgeadais cé acu an raibh an tréimhse oiliúna inríofa nó nach raibh. Ní hamháin gur dhúirt siad nach raibh seirbhís dá leithéid riamh inríofa faoi fhorálacha na Scéime, ach



d'áitigh siad freisin nach raibh conradh fostaíochta ann, nach raibh fostaíocht ráthaithe nuair a bhí an cúrsa críochnaithe agus gur íocadh liúntas, ní hionann agus tuarastal, ar feadh ré an Chúrsa dóibh sin a bhí faoi oiliúint.

Níor seasadh leis an ngearán.

INRÍOFACHT SEIRBHÍSE

Cás é seo nach ndeachaigh go dtí an Cinnidh deireanach. Diúltaíodh cead d'fhostaí i nGníomhaireacht Sláinte Ainmnithe seirbhís a bhí críochnaithe aici roimhe agus nach measadh a bheith inríofa chun críocha pinsin a cheannach ar ais.

Mheas an Roinn Sláinte agus Leanaí gur bhain a seirbhís sa tréimhse a bhí i gceist le *conradh seirbhíse* agus mar sin nach raibh sí inríofa faoi Scéim Aoisliúntais na nGníomhaireachtaí Sláinte Ainmnithe (SAGSA). Fuair sí Fógra Cinnidh faoi nós imeachta RDI na Scéime ón Roinn agus chuir gearán faoin gcinneadh sin chuig Fear an Phobail um Pinsin.

Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh maidir lena gearán chinn mé gur ardaigh an gearán ceisteanna maidir le hinárachais fostaíochta agus dá bhrí sin d'iarr mé ar Rannóg Scóipe na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh é a bhreithniú. D'aontaigh siad imscrúdú a dhéanamh agus in am trátha d'eisigh siad cinneadh go raibh an fostaí i bhfírinne faoi *chonradh seirbhíse* agus go raibh sí inárachais ag Rang A ar feadh na tréimhse a bhí i gceist. Chuir an Roinn i gcoinne an chinnidh seo i dtosach báire ach i ndiaidh do iontaobhaithe SAGSA breis mhachnaimh a dhéanamh cinneadh ar an achomharc a tharraing siar agus cuireadh in iúl don fhostaitheoir gur chóir a cheadú don bhall an tseirbhís i gceist a cheannach.

SEIRBHÍS ROIMH RÉ A AITHINT CINNEADH FÍORAIS

Bhain an gearán seo le haitheantas tréimhse seirbhíse roimh ré san Earnáil Phoiblí chun críche pinsin, nuair nach raibh aon taifid ar fáil chun tacú leis an éileamh. D'áitigh an gearánaí gur oibrigh sé le hinstitiúid áirithe san am a caitheadh ach go rabhthas ag diúltú dá éileamh aitheantas a thabhairt don tréimhse ghearr sin chun críche pinsin siocair easpa cruthúnais dhoiciméadaigh.

Tar éis dom imscrúdú a dhéanamh dheimhnigh mé go raibh an gearánaí fostaíthe ar feadh 26 seachtaine ag an institiúid sin i gcaitheamh na bliana cánach 1979/80. Ba shin an chéad bhliain riamh a cuireadh taifid ríomhairithe ÁSPC ar fáil don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. I gcaitheamh na bliana cánach roimhe sin bhíothas fós ag baint úsáid as an seanchóras le cártaí árachais agus níor coinníodh aon taifead riamh faoi na fostaítheoirí aonaracha a d'fhostaigh ranníocóirí.



Toisc go léiríonn taifid lucht Leasa Sóisialaigh go raibh 16 ranníoc íoctha agus 31 chreidmheas réamhiontrála aige don bhliain chánach 1978/9, tháinig mé ar an tuairim, gur dóchúla go raibh sé fostaithe ag an institiúid lena mbaineann ar feadh iomlán na tréimhse lenar bhain a éileamh.

Chinn mé dá réir, mar fhíric, gur thosaigh a théarma fostaíochta leis an institiúid sa bhliain chánach 1978/79 agus gur thug sé seirbhís di ar feadh 42 seachtaine, agus dá bhrí sin, gur chóir an tseirbhís sin a aithint mar sheirbhís inaistrithe.

LUATHSCOR A DHIÚLTÚ

Cuireadh deireadh le téarma fostaíochta an ghearánaithe siocair iomarcaíocht éigeantach. Bhí sé fostaithe ar feadh 38 mbliana leis an gcuideachta chéanna gan aon bhriseadh sa tseirbhís. Ba é an gearán a bhí aige gur dhiúltaigh an Chuideachta luathscor a dheonú dó. Bhí an gearánaí ag druidim le 60 bliain d’aois, agus dúirt sé go bhfulaingeodh sé cailteanas airgeadais i gcaitheamh na mblianta a bhí amach roimhe dá bharr sin. Dúirt sé fiú dá ndeonófaí íocaíocht iomarcaíochta dó nach mbeadh an t-airgead sin dóthanach chun a cheangaltas airgeadais a réiteach thar an tréimhse sin. De bharr na haoise a bhí aige chuaigh sé an-rite leis fostaíocht oiriúnach a fháil.

I mí Mheán Fómhair 2005 fógraíodh i gcumarsáid chuig na fostaithe uile go rabhtas chun 28 nduine sa Chuideachta a dhéanamh iomarcach. Níos deireanaí eisíodh an dara chumarsáid inar tugadh le fios cé na réimsí laistigh den chuideachta ba dhóchúla go dtarlódh na hiomarcaíochtaí sin. Ní dhearnadh tagairt i gceachtar den dá threoir iomarcaíochta seo don fhíric nach raibh luathscor ina rogha do bhaill na Scéime a bhí os cionn 50 bliain d’aois. Seoladh an tríú cumarsáid do na fostaithe uile inar leagadh síos na teidlíochtaí iomarcaíochta a mbeifí ag súil leo. Bhí sé ráite sa chumarsáid sin “*tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi ndeara nach teidlíocht atá in iomarcaíocht. Ní cuid ráthaithe den phacáiste foriomlán iomarcaíochta é, ná ní téarma conartha ná coinníoll fostaíochta é. Níl aon rogha do bhaill Scéim Sochair Shainithe maidir le luathscor roimh ghnáthdháta scoir duine aonair. Níl sé seo infheidhme i leith bhaill na Scéime Sochair Shainithe.*” Ina dhiaidh sin chuir an Bhainisteoir Líne in iúl i ráiteas béil don ghearánaí go mbeadh an iomarcaíocht éigeantach i ndán dó go gairid.

Cheistigh an gearánaí an Chuideachta maidir le luathscor a bheith ar fáil dó agus cuireadh in iúl dó nach rogha é sin a bhí oscailte dó. Dúradh leis ina dhiaidh sin go mbeadh comhairleoir phinsin i láthair in oifig Bhaile Átha Cliath chun a roghanna pinsin a phlé leis. Chas an gearánaí leis an gcomhairleoir ar an dáta socraithe agus cuireadh in iúl dó uair amháin eile nach rogha é a bhí oscailte dó an luathscor de bharr thosca shócmhainnéachta Scéim Pinsean Sochair Shainithe na cuideachta.

Tar éis an chruinnithe sheol an gearánaí ríomhphost chuig an Rannóg AD (Acmhainní Daonna) ag fiafraí cén dáta a ndearnadh an cinneadh go raibh an Pinsean dúnta maidir le luathscor. D’fhreagair an Rannóg AD agus dúirt nach raibh aon dáta scoir agus nach ndearnadh aon athrú ar na rialacha. Faoi iamh in éindí leis an bhfreagra bhí cóip de



leabhrán le Ceisteanna Coitianta a seoladh amach le leabhrán mínithe athbhreithnithe na mball i 2004 ina raibh tagairt shonrach déanta do dhá cheist a phlé le cás an luathscor go sonrach agus go mion agus a thug le tuiscint go soiléir nach teidlíocht a bhí ann ná rogha uathoibríoch.

Líomhain an gearánaí gur dheonaigh na hiontaobhaithe luathscor do roinnt ball eile cé gur diúltaíodh dósan é.

Nochtaigh an t-imscrúdú go ndearnadh é sin ach má rinne ba i ndiaidh instealladh mór airgid ón bhfostaitheoir agus de bhrí gur tugadh tuiscint shonrach do na fostaithe i gceist go raibh rogha maidir le luathscor oscailte dóibh.

Tá bá mhór agam leis an ngearánaí sa chás seo. Rinne iomarcach é go deireanach i 2005 nuair a bhí sé 58 mbliana d'aois agus níor deonaíodh luathscor dó. Mar a dúirt sé féin tá sé deacair ar fhear dá aois fostaíocht oiriúnach a aimsiú agus caithfidh sé fanacht go mbeidh an gnáthaois scoir de 65 bainte amach aige sula bhfaighidh sé pinsean. Ón eolas a cuireadh ar fáil dom dhealraíonn sé gurb é an gearánaí an chéad duine os cionn 50 bliain d'aois sa chuideachta seo nach bhfuair pinsean luathscor nuair a rinneadh iomarcach é.

Tar éis dom rialacha na scéime a scrúdú áfach ba shoiléir dom nach raibh na hiontaobhaithe i dteideal pinsean luathscor a dheonú don ghearánaí gan chead ón bhfostaitheoir. Ó tharla an Scéim seo bheith ag feidhmiú le heasnamh ní raibh siad in ann luathscor a dheonú don ghearánaí mura n-íocadh an chuideachta airgead isteach sa Scéim sa chaoi is go gcoinneofaí an leibhéal sócmhainneachta maidir leis na dliteanais neamhphinsinéara i ndiaidh scoir dó. Ó tharla nach raibh sé ar intinn na Cuideachta é sin a dhéanamh agus gur chuir siad sin in iúl go soiléir ina gcuid bhfhógraí i 2005, ní raibh de rogha ag na hiontaobhaithe ach iarratas an ghearánaithe ar luathscor a dhiúltú.

De réir Acht na bPinsean ní cheanglóidh aon ordú a dhéanann mise (a) go ndéanfaí leasú ar rialacha scéime nó (b) go gcuirfí mo chinneadh in áit chinneadh iontaobhaithe na scéime maidir le feidhmiú cumhachtaí lánroghnacha ag na hiontaobhaithe faoi rialacha na scéime. Tá sé soiléir nach bhféadfainn sna himthosca sin ceangal a chur ar an gCuideachta ná ar na hiontaobhaithe pinsean luathscor a dheonú don ghearánaí. Mar sin diúltaíodh don ghearán.

Sa chinneadh sin áfach thug mé sracléiriú ar roinnt rudaí maidir le láimhseáil an ghearáin a rinne inní dom, go háirithe an mhoill maidir le Cinneadh a eisiúint chuig an ngearánaí faoin nós imeachta Réiteach Díospóidí Inmheánacha agus an mhoill a rinne na comhairleoirí agus na riarthóirí le linn dóibh déileáil le ceisteanna a d'ardaigh an Oifig seo maidir leis an ngearán seo. Thug mé dom aire freisin nár chomhlíon na hiontaobhaithe go beacht Rialacháin Scéimeanna Ceirde Pinsin (Nochtadh Eolais) (Uimh. 2), 1998 sa mhéid is nár fhógair siad athrú ábhartha laistigh de cheithre seachtaine ó dháta an athraithe. Thuairiscigh mé sin cheana freisin maille leis an moill maidir leis an gcinneadh RDI a eisiúint chuig Bhord na bPinsean. D'iarr mé ar idir iontaobhaithe agus riarthóir na Scéime seo a chinntiú go dtiocfaí leis na spríocamanna a cheanglaítear amach anseo.

DIÚLTÚ PINSEAN LUATHSCOIR A DHEONÚ

D'áitigh an gearánaí go ndeachaigh na hiontaobhaithe siar ar chinneadh a rinne siad luathscor a dheonú dó ag am ar bith roimh an ngnáthaois scoir.

D'fhág an gearánaí an Cuideachta i 2002 agus smaoinigh sé ar an dá rogha éagsúla maidir lena pinsean – pinsean luathscor láithreach nó teidlíocht ar phinsin chaomhnaithe iníoctha at an ngnáthdháta scoir. Sula ndearna sé cinneadh chuir an gearánaí ríomhphost chuig rannóg AD na Cuideachta agus d'fhiafraigh sé díobh, dá gcinneadh sé ar rogha an phinsin chaomhnaithe, arbh fhéidir leis a intinn a athrú ar dháta níos deireanaí agus an pinsean luathscor a roghnú.

Cuireadh in iúl dó i scríbhinn, dá roghnódh sé pinsean caomhnaithe, go bhféadfadh sé ag am ar bith a intinn a athrú agus sochair luathscor a iarraidh; bheadh a méid sin ag brath ar a aois ag an am a chinn sé go hiarbhír ar na sochair a ghlacadh.

Tráth a d'fhág sé an Chuideachta roghnaigh sé pinsean caomhnaithe ach nuair a d'iarr sé an rogha luathscor ina dhiaidh sin dúradh leis nach bhféadfadh sé áis a bhaint as luathscor de bhrí go raibh an scéim dócmhainneacht ag an am.

Ba shoiléir ón bhfianaise gur bhreithnigh an gearánaí go dúthrachtach na roghanna a bhí aige ar fhágáil na Cuideachta dó. Chuaigh sé ar thóir soiléirithe maidir lena pinsean agus fuair sé é óna fhostaitheoir agus ó na hiontaobhaithe. Bhí an gearánaí den tuairim go raibh sé i dteideal pinsean luathscor cibé uair a roghnaigh sé é a iarraidh.

D'áitigh na hiontaobhaithe agus an fostaitheoir gur dhúirt siad riamh gurbh fhéidir leis an ngearánaí luathscor a iarraidh agus go gcaithfí an t-iarratas sin a bhreithniú le haird chúí ar na tosca ábhartha agus gur toisc an-ábhartha a bhí i leibhéal maoinithe na scéime trí chéile.

Foráladh i nGníomhas Iontaobhais agus i Rialacha go raibh deonú luathscor faoi réir chead an fhostaitheora.

Sular eisigh mé cinneadh deireanach sa chás seo, d'eisigh mé réamhbharúil agus chuir mé in iúl go raibh sé ar intinn agam an gearán a sheoladh ar ais chuig na hiontaobhaithe agus an bhfostaitheoir agus a iarraidh orthu iarratas an ghearánaithe ar luathscor a athbhreithniú. Mhol mé dóibh go gcuirfeadh siad san áireamh an loiceadh maidir le teorainneacha soiléire le teidlíocht ar luathscor a sholáthar i Márta 2002; an mhoilleadóireacht le linn bheith ag déileáil lena iarratas ar luathscor; tionscadal maoinithe a bheith tionscanta idir dáta a iarratais thosaigh agus an dáta ar diúltaíodh dó; agus liúntas insuite le haghaidh luathscor theoranta a bheith sa tionscadal maoinithe féin.

Fuarthas freagairt ar an réamhbharúil ó na hiontaobhaithe a bhí den tuairim go raibh sé míchuí a gcumhacht lánroghnach a fheidhmiú i bhfabhar an ghearánaithe sa chás seo, staid sócmhainneachta na scéime pinsin curtha san áireamh.



Níorbh fhéidir liom neamhaird a dhéanamh d'fhorálacha na nGníomhas Iontaobhais agus na Rialacha agus d'fhorálacha an Achta Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2005 maidir leis an gceanglas go mbeadh íocaíochtaí sochar luathscoir ceadaithe ag Iontaobhaithe.

D'áitigh na hIontaobhaithe agus an Fhostaitheoir gurbh é ba chúis leis nár deonaíodh pinsean luathscoir an leibhéal sócmhainneachta sa scéim pinsin. Tháinig mé ar an tuairim mar sin gurbh fhéidir, in éagmais ceist sócmhainneachta, go ndeonófaí an luathscor don ghearánaí.

D'ordaigh mé i mo chinneadh deireanach na hIontaobhaithe i gcomhchomhairle leis an bhfostaitheoir athbhreithniú a dhéanamh go bliantúil ar chás an ghearánaithe, tar éis comhairle an Achtúire a iarraidh maidir le sócmhainneacht an chiste agus an éifeacht ar an sócmhainneacht dá ndeontaí sochair luathscoir don ghearánaí. D'ordaigh mé na hIontaobhaithe toradh an athbhreithnithe bliantúil seo a chur in iúl i scríbhinn don ghearánaí laistigh de mhí amháin tar éis an athbhreithnithe.

DUL I MUINÍN DOICIMÉADÚ STAIRIÚIL LE HAGHAIDH TEIDLÍOCHT PINSIN

Líomhain an gearánaí go raibh sé i dteideal pinsin scoir de 2/3 den tuarastal deireanach, ag éirí as litir a fuair sé i 1982 ag geallúint an scála sochair sin dó ón am a bheadh 65 bliana d'aois slánaithe aige. Ina theannta sin d'áitigh sé go n'íocfadh sé ar bhonn deonach le scéim pinsin mar mhalairt ar chead a fhostaitheora dó éirí as nuair a bheadh 60 bliain slánaithe aige.

D'áitigh an Fhostaitheoir nach raibh aon eolas aige maidir leis an litir ó 1982 agus, nuair a tugadh cóip dó, dúirt sé gur eisigh iniúchóirí na cuideachta í trí earráid. Dhearbhaigh an fostaiteoir gur scéim ranníoca sainithe a bhí sa scéim pinsin agus gurb amhlaidh a bhí sé riamh agus gur aontaigh sé leis go n-éireodh an fostaí as nuair a bheadh sé 60 bliain d'aois toisc nach mbeadh impleacht chostais aige sin maidir leis an scéim ranníoca shainithe. Bhí an Fostaiteoir ina Iontaobhaí ar an scéim freisin.

I gcúrsa an imscrúdaithe a rinne an Oifig tháinig sé chun solais:

- Nár bhain gealltanas 1982 le sochar sainithe de 2/3 tuarastail deiridh ach le spriocphínsean de 2/3 de thuarastal a bhí comhtháite le sochar Leasa Shóisialaigh Stáit.
- Gur ghabh tabhairt isteach scéim pinsin ranníoca shainithe ionad an ghealltanais seo i 1993 agus gur cuireadh na baill uile faoin eolas maidir leis an athrú sin.
- Ina dhiaidh sin fuair an Gearánaí Ráitis Sochair Bhliantúla a thaispeáin cineál agus luach a shochar scéime.
- Go ndearna an Gearánaí neamhaird i ndáiríre de na fógraí éagsúla a fuair sé toisc gur chreid sé nár bhain siad leis, rud nach raibh ceart, agus go raibh sé den tuairim go raibh feidhm i gcónaí leis an ngealltanas bunaidh de 2/3 dá phínsean.



Nach raibh na hlontaobhaithe go hiomlán feasach maidir lena ndualgais agus a bhfreagrachtaí faoin scéim.

Níor chóir gearán nár mhór a chur faoi bhráid na hOifige agam a eascairt as cúinsí an cháis seo. Bhreithneoinn gurb iad an dá phríomhchúis gur eascair ná an droch-chumarsáid agus easpa cur chuige freagrach ón dá thaobh.

Cé go bhfuair an Gearánaí fógraí maidir lena sochair scéime nach raibh ag teacht leis an gciall a raibh sé ag baint as a theidlíocht, níor chuir sé in iúl dá fhostaitheoir go dtí lá a scoir an rud a raibh sé ag súil leis ná an neamhréireacht ba dhóigh leis bheith sna fógraí. Níor ghlac an Gearánaí freagracht sa mhéid is nár bhain sé tuiscint as cineál na scéime a raibh sé ina bhall di, ach lean leis ag dul i muinín faisnéise stairiúla seachas na forbairtí uile scéime, agus an chomhairle agus an chumarsáid a fuair sé ina dhiaidh sin.

Chlis ar an Iontaobhaí cúlra agus éabhlóid socruithe na scéime a shoiléiriú don ghearánaí agus dá réir a theidlíochtaí ceart a mhíniú dó. Ní rómhaith a ghabh na hlontaobhaithe an fhreagracht as eolas maith a bheith acu ar an scéim lena chinntiú go gcoinneofaí taifid chuí riaracháin agus lena shocrú go bhfaigheadh an ball a theidlíocht cheart an uair a bhí sí dlite dó. Dá mba amhlaidh go raibh an chumarsáid níos fearr sa dá threo agus gur ghabh an dá pháirtí freagracht as cineál na scéime a thuiscint, d'fhéadfaí an cás seo a réiteach gan idirghabháil ó mo thaobhsa.

Ní raibh mé in ann seasamh leis an ngearánaí toisc gur chinn mé nach raibh sé i dteideal pinsean sochair shainithe de 2/3 dá thuarastal. Deimhníodh go raibh sé ina bhall de scéim ranníoca shainithe agus gur dhíorthaigh a theidlíocht as luach an chiste infheistíochta a bhí ar coinneáil maidir leis. Fuarthas amach go raibh míriarachán maidir le bainistíocht a shochair scoir agus d'ordaigh mé an ghannchuid a nochtadh le linn an imscrúdaithe a íoc ar ais leis an nGearánaí.

SCÉIM BHEAG FÉINRIARTHA GAN BHEITH INA SCÉIM PINSIN

Rinneadh an ghearán seo ar dtús i gcoinne cuideachta iontaobhaithe agus cuireadh ina leith gur chuir sí “go mór ar mhíthreoir” an fostaitheoir urraíoch, gur insíodh bréaga dó agus dá réir gur “chuir sí faoi deara trí fheall ar iontaoibh” gur thionscain sé dhá scéim nuair nár theastaigh ach ceann amháin agus gur caitheadh leis an ngearánaí ar nós “cuma liom”. Ba é an príomhghearán áfach gur díol faoi dhúmas bréige a bhí ann agus an rud a chreid siad gur scéim féinriartha a bhí ann nárbh é ar chor ar bith.

Bhí sé i gceist gur “scéim beag féinriartha” (SBF) a bheadh sa scéim seo, agus gurbh é an príomhchuspóir a bhí aici go gceadódh sé go mbeadh níos mó stiúradh ag baill ar chinntí infheistíochta, ach go raibh an dara cuspóir aici freisin, is é sin infheistíochtaí a fháil de bhíthin gearáil airgeadais trína cheadú don scéim deiseanna infheistíochta a airgeadú trí iasachtaí.

Nuair a ghlac mé leis an ngearán le himscrúdú a dhéanamh ina leith, shoiléirigh mé nach seasfadh an gearán go raibh dhá scéim ann seachas ceann amháin. Bhí próiseas trasuite



coinníollacha Treoir Phinsin Eorpach go dlí na hÉireann ar siúl ag an am. Tugadh rogha do na Ballstáit maidir le sainiú na scéimeanna sin a mbeadh srianadh ar a gcumas iasachtaí a fháil. D'fhéadfaí i bprionsabal a cheadú ar bhonn leanúnach do scéimeanna le 100 ball agus níos lú iasachtaí a fháil, ach b'éol dom agus b'éol do thionscal na bpinsean trí chéile go raibh sé de rún ag an Rialtas iasacht a choinneáil taobh le scéimeanna aonbhaill. Dá bhrí sin más amhlaidh go bhfaigheadh an scéim airgead ar iasacht, ní fhéadfadh níos mó ná aon bhall a bheith i ngach scéim. Mhol an chuideachta iontaobhaithe lena mbaineann scéimeanna aonbhaill riamh de bhrí gur seachnaíodh coimhlint idir na baill maidir le cúrsaí infheistíochta agus maidir le roghanna sa todhchaí, más amhlaidh go raibh stiúir éifeachtúil ag gach duine acu go ar infheistíocht a chiste féin.

Ba léir dom tar éis imscrúdú a dhéanamh gur mór an dul amú a bhí ar stiúrthóirí maidir le cuspóir agus le cineál SBF. Bhí siad den tuairim go bhféadfadh siad an scéime a riar gan lámh a bheith inti ag aon dream seachtrach; go bhfaigheadh siad sochair aisti nuair a bheadh siad 50 bliain d'aois gan úinéireacht ná stiúir ar a gCuideachta a thabhairt suas; agus go raibh na ranníocaí in-aisíochta gurbh fhéidir leo "imeacht leo agus cáin a íoc mura raibh siad sásta". Bhí siad faoi mhíthuiscint mhór freisin maidir leis na socruithe chun na hinfeistíochtaí a bhainistiú. De bhréis air sin ar an gcéad amharc dhealraigh sé gur mhó de "eachtra i dtréithe ceirde" a bhí san infheistíocht mar a moladh ar dtús í ná d'infheistíocht, agus nach bhféadfadh na Coimisinéirí loncaim cead a thabhairt di.

Bhí díospóid nach beag ann maidir le cé acu a "dhíol" stiúrthóirí na cuideachta iontaobhaithe nó a gcuntasóir féin an scéim do na stiúrthóirí. Níl aon amhras ach gur mhol an cuntasóir dóibh leas a bhaint as na buntáistí cánach a bhain le soláthar pinsin, ach tá mé cinnte nár thuig na stiúrthóirí an gá a bhí le rialacha dochta a rialaigh na buntáistí cánach sin agus ní móide go raibh a fhios acu go raibh a leithéidí de rialacha ann. Bhí sé soiléir go raibh an stiúrthóir bainistíochta go hiomlán ar neamheolas nuair a tionscnaíodh an scéim faoi choinníollacha mionsonraithe agus dochta na gCoimisinéirí loncaim a bhaineann le ceadú SBFanna.

Tháinig mé ar an tuairim gurb é an rud ar cinneadh air sa chás seo méid áirithe airgid a infheistiú – ar deireadh thiar ní fhacthas go raibh sé tábhachtach cad ann agus cá háit a ndéanfaí an infheistíocht. Breithníodh infheistíochtaí i maoin sealbhais sa Phortaingéil nuair ab amhlaidh go mbeadh deacrachtaí le Meiriceá Theas; mhol an iontaobhaí riarthóra freisin go mbreithneofaí infheistíocht i maoin san RA nó in Éirinn.

Tar éis an imscrúdaithe dúirt mé leis na Coimisinéirí loncaim go raibh sé beartaithe agam a chinneadh, mar fhíric, nach scéim pinsin *bona fide* a bhí sa scéim.

Maidir leis na líomhaintí go raibh díol faoi dhúmas bréige déanta ag an gcuideachta iontaobhaithe agus/nó ag a gníomhaireachtaí, chinn mé nárbh fhéidir a bhreithniú gur bhain siadsan le mo dhlínse ar chor ar bith, toisc go dtagann díol faoi dhúmas bréige faoi dhlínse Fhear an Phobail um Sheirbhísí Airgeadais nó b'fhéidir faoi dhlínse an Rialaitheora Airgeadais. Ba é an rud a bheartaigh mé gan chinneadh a dhéanamh maidir leis an eilimint seo den ghearán. Ba léir dom áfach go raibh ceisteanna le freagairt maidir leis an scéim/na scéimeanna agus an chaoi a gcuireadh i dtoll a chéile *í/iad*, agus cothaíodh amhrais i m'intinn maidir le cé acu, sna himthosca, ba chóir an scéim/na scéimeanna a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí loncaim lena ceadú ar chor ar bith nó nár chóir.

Ábhar criticiúil maidir leis sin ba ea ceist na ranníocaí leanúnacha. D'éirigh sé níos soiléire nach raibh sé ar intinn na stiúrthóirí gnáthranníocaí a íoc ar bhonn leanúnach, seachas an méid tionscnaimh a íocadh isteach, agus ní ar an mbonn sin a cuireadh an scéim faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim D'éirigh sé níos soiléire freisin nach raibh sé beartaithe i ndáiríre "sochair ábhartha" a sholáthar ag an nGnáthaois Pinsin, agus a mhalairt ar fad, dhealraigh go raibh na stiúrthóirí ag smaoineamh ar tharraingt anuas nuair a bhí na 50 bliain slánaithe, de shárú ar cheanglais na gCoimisinéirí Ioncaim a bhfuil feidhm acu i leith luathscor stiúrthóirí seilbhe.

Sna himthosca sin, níorbh fhéidir liom teacht ar aon tuairim eile ach gurbh é cuspóir an tsocraithe seo gnáthinfheistíocht a chur ar foscadh ó cháin ar an ioncam a thuil sí, próiseas a d'fhágfadh go bhfaigheadh an fostaítheoir faoiseamh Cánach Corparáidí agus go sheachnódh sé go mbeadh aon cháin le muirearú ar an bhfostaí/na fostaíthe lena mbaineann mar shochar-in-earraí. Bhí sé soiléir freisin áfach nach d'aon úim a bhí an staid seo ar chúrsaí, ach gur eascair sí as loiceadh cumarsáide nó tuisceana nó as an dá rud.

Ba é mo chinneadh deireanach nárbh fhéidir seasamh leis an ngearán seo ina fhoirm bhunaidh. Tháinig mé ar an tátal áfach, *mar fhíric*, nach scéimeanna pinsin *bona fide* a bhí sna scéim(eanna) pinsin a bhí i gceist, arbh é an t-aon chuspóir a bhí acu na "sochair ábhartha" laistigh de chiall Alt 772(2)(a) den Acht um Chomhtháthú Cánacha 1997 a sholáthar. Chinn mé dá bhrí sin na scéim nó scéimeanna a dhíchóimeáil ar an gcéad dul síos agus an ranníoc/na ranníocaí a thabhairt ar ais don fhostaitheoir láithreach agus cáin a ghearradh ar an ús a bhí carnaithe ar na hairgid infheistíochta a choinnigh na hiontaobhaithe i dtaisce.

PINSEAN SPEISIALTA FAOIN ORDÚ UM PINSIN AN GHARDA SÍOCHÁNA 1925

Is ball scortha an gearánaí den Gharda Síochána agus d'áitigh sé go raibh sé i dteideal Pinsean Speisialta faoin Ordú um Pinsin an Gharda Síochána 1925 nuair a scoir sé i 2003 ar fhorais míshláinte. Fuair an gearánaí aisce agus bhí sé ag fáil an gnáthphínsean míshláinte.

Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir gnáthphínsean míshláinte agus Pinsean Speisialta agus, ag brath ar dhonacht an ghortaithe, gheobhfar ráta íocaíochta pinsin níos airde uaireanta le Pinsean Speisialta ná mar a gheobhfaí leis an ngnáthphínsean míshláinte. Chun cáiliú le haghaidh Pinsin Speisialta caithfidh an tinneas a d'fhulaing an duine aonair a bheith ina *'ghortú a fuair sélsí le linn dó Idi bheith ag comhlíonadh a dualgais agus ní de bharr a loiceadh féin'*.

Líomhain an gearánaí gur bhain a mhíshláinte lena chuid oibre agus go raibh na nósanna imeachta a lean an Garda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí nuair a deonaíodh pinsean dó fabhtach.

Chuir na páirtithe a bhí bainteach leis an bhfiosrúchán seo roinnt mhaith doiciméadú isteach. Bhain roinnt mhaith den fhaisnéis seo le comhshaol oibre an ghearánaithe sular éirigh sé as. Cé go raibh an fhaisnéis seo úsáideach chun cúlra an ghearánaithe a sholáthar,



ní raibh sé laistigh de mo shainchúram ceisteanna a d’eascair as an bhfaisnéis seo a fhiosrú ná cinneadh a dhéanamh mar gheall ar cheisteanna dá leithéid. Ar an gcuma céanna nuair a dhéanann iontaobhaithe agus riarthóirí cinntí ar bhonn fianaise leighis a chuirtear os a gcomhair nó hé feidhm na hOifige seo an fhianaise sin a mheas, ach a chinntiú gur lean na cinnteoirí nósanna imeachta iomchuí le linn dóibh a gcinntí a dhéanamh.

Rinneadh athbhreithniú ar na nósanna imeachta a lean na grúpaí éagsúla le linn dóibh cás an ghearánaithe i leith Pinsean Speisialta a bhreithniú. Fuarthas amach cé go bhforáiltear san Ordú um Pinsin an Gharda Síochána go bhfuil ionchur ó idir an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Aire Airgeadais de dhíth nuair a dhéantar cinneadh maidir le cé acu d’fhulaing an gearánaí gortú le linn dó a dhualgas a fhorghníomhú nó nár fhulaing níor cuireadh an cás riamh faoi bhráid ceachtar den dá Aire.

Ina theannta sin cé gur dhealraigh sé gur lean an Príomhdhochtúir Oifigiúil na nósanna imeachta iomchuí nuair a rinne sé athbhreithniú leighis ar chás an ghearánaithe bhí an páipéarachas fabhtach.

Seasadh leis an ngearán sa mhéid is go bhfuarthas míriarachán. Ní dharna mé amach gur chóir Pinsean Speisialta a íoc leis an nGearánaí. D’ordaigh mé áfach gur chóir an t-iarratas a mheasúnú in athuir de réir an Ordaithe um Pinsin an Gharda Síochána. Mar chuid de mo chinneadh mhol mé gur chóir machnamh a dhéanamh faoi comhairle cleachtóir leighis neamhspleách amháin ar a laghad nach raibh aon bhaint aige leis an gcás roimhe seo a iarraidh mar chuid den athbhreithniú leighis.

DÁTA TOSAIGH CHUN CRÍCHE PINSIN

Imscrúdaíodh gearán maidir le sainmhíniú seirbhíse le haghaidh ríomh sochair pinsin faoi scéim i gcás inar tháinig fostaitheoir nua i gcomharbas ar an bhfostaitheoir bunaidh, agus gur thóg fostaitheoir eile a áit sin níos deireanaí. D’oibrigh an gearánaí leis an ngnólacht bunaidh ach ní raibh aon fhianaise ann go raibh sí cuimsithe sa scéim pinsin cheirde le linn an ama sin.

Nuair a aistríodh úinéireacht an ghnólachta sin shínigh sé faoi fhoirm Chomhaontú Seirbhíse leis an bhfostaitheoir nua a dhearbhaigh go n-oibreodh sé leo “ar agus ó” dháta reatha. Ní raibh aon tagairt déanta sa Chomhaontú seo do sholáthar pinsin.

Ina dhiaidh sin chuir an dara fostaitheoir scéim pinsin i dtoll a chéile agus níos deireanaí fós tógadh an plean sin isteach i bplean an fhostaitheora dheireanaigh. Níor tugadh creidmheas don ghearánaí le haghaidh seirbhíse ach ón dáta a bhí sainithe sa Chomhaontú Seirbhíse. Níos deireanaí nuair a rinneadh iomarcach an gearánaí, agus nuair a ríomhadh a theidlíochtaí faoin bplean pinsin agus faoin socrú iomarcaíochta den chéad uair bhí siad bunaithe ar sheirbhís a d’fhabhraigh ón dáta sin.

D’agóid sé i gcoinne sin agus bhú úinéir an dara gnólacht in ann a dheimhniú go raibh sé fostaithe leis an ngnólacht bunaidh sula ndearnadh táthcheangal leis. Ghéill an fostaitheoir agus dúirt go n-athbhreithneofaí a íocaíochtaí iomarcaíochta ach nach n-



athbhreithneofaí a shochair phinsin chun an tseirbhís roimhe sin a chur san áireamh. Bhí dáta a fhostaíochta leis an dara gnólacht, an dáta is deireanaí den dá dáta, ina thús dáta ar Ráitis Sochair a eisíodh chuig an ngearánaí ach nár agóid sé ina choinne roimhe sin. D’áitigh an gearánaí nach raibh aon cheist leis an dáta tosaigh roimhe sin toisc go mbeadh 40 bliain de sheirbhís curtha isteach aige fiú leis an dáta a bhí níos deireanaí. Níorbh aon údar buartha é go dtí gur cuireadh deireadh lena sheirbhís roimh am.

Tar éis scrúdú a dhéanamh bhí mé den tuairim go raibh ríomh na seirbhíse pinsin i gcomhréir le rialacha na scéime: ní raibh aon fhianaise maidir le soláthar scéim pinsin ag an bhfostaitheoir bunaidh agus níor fheidhmigh aon fhostaitheoir san idirlinn a chumhacht chun chur le sochair. Mar sin dhiúltaigh mé don ghearán.

Chomh maith le gearán a dhéanamh maidir le cailteanas airgeadais de bharr míriaracháin agus a iarraidh orm coimhlint fíorais nó dlí a bhreithniú faoin bplean pinsin, chuir an gearánaí i leith an fhostaitheora dheireanaigh gur iarraidh sé an iomarca brú a chur air a ainm a chur faoi bheart iomarcaíochta, a mbeadh fágáil na fostaíochta de thoradh air. D’áitigh sé gur thíolaic siad Foirm Tharscaoilte dó níos mó ná uair amháin ag dearbhú dó nach scaoilfí a sheic iomarcaíochta go dtí gur shínigh sé faoina leithéid d’fhoirm. Leagadh amach sa dréacht ba thúisce, agus sa cheann ba dheireanaí den Fhoirm Tharscaoilte na sochair phinsin a bhí sé beartaithe a íoc, ach sa cheann ba dheireanaí iarradh air freisin an dáta ba dheireanaí den dá dháta a bhí i gceist a dheimhniú agus a chomhaontú mar a “dháta tosaigh chun críche pinsin”. De bhrí go raibh a dhátaí seirbhíse ina n-ábhar díospóide idir é agus an bhfostaitheoir luíonn sé le réasún go raibh drogall air a ainm a shíniú. Ní bhaineann an cás ina iomláine le cúrsaí pinsin agus ní móide go dtiocfadh sé faoi mo shainchúram. Rinneadh iarracht áfach srianadh a chur lena phlean pinsin nuair a rinne tagairt san Fhoirm Tharscaoilte dá sheirbhís chun críche pinsin. Scríobh mé chuig an bhfostaitheoir ag cur in iúl dó nach mbeadh aon éifeacht ar chor ar bith ag tarscaoileadh den chineál sin vis-à-vis na hiontaobhaithe a bhfuil sé de dhualgas orthu na sochair a riar de réir na rialacha. Go deimhin leis an tagairt do theidlíochtaí plean pinsin a chur ar a leithéid d’Fhoirm Tarscaoilte, cuireadh brú breise in aisce ar an ngearánaí ag am a raibh buarthaí a dhóthain aige gan amhras. Mholfaínn d’fhostaitheoraí a bheith cúramach maidir lena leithéidí de thagairtí do phlean pinsin a chur ar fhoirmeacha tarscaoilte fágála seirbhíse dá gcuid.

CINEÁL AN GHEARÁIN: TEIDLÍOCHTAÍ BAILL A SHOCRÚ AG AM FOIRCEANTA

Rinne roinnt bhall scéime an gearán céanna i gcoinne an Leachtaitheora, a raibh ról iontaobhaí Scéim Pinsin glactha aige, toisc gurbh é an iontaobhaí bunaidh an fhostaitheoir urraíoch.

Cuireadh an chuideachta fhostaitheora faoi leachtú i 2002 agus de thoradh sin cuireadh deireadh leis an scéim pinsin. Níor gníomhaíodh ag an am chun an scéim a fhoirceannadh go foirmeálta agus chun na sócmhainní a roinnt.

I 2004 d’iarr na baill go n-aistreofaí a sochair as an scéim agus níor mhór an scéim a fhoirceannadh i ngeall air sin. Ba chóir sin a bheith déanta cheana leis an leachtú féin.



Chuir na baill i leith an Leachtaitheora/lontaobhaithe nach raibh sé ag comhoibriú leis an bpróiseas agus dá chionn sin go raibh sé ciontach i míriarachán agus i mbeith ina chúis le cailliúint airgeadais tríd an deis a dhiúltú dóibh a sochair a aistriú as an scéim.

I gcúrsa an imscrúdaithe a rinne an Oifig seo nochtadh gur tharla an deacair toisc nár cruthaíodh chun shástacht an Leachtaitheora/lontaobhaithe go raibh lánteideal ag na baill ar na sócmhainní a bhí fabhraithe faoin scéim. Ní foráladh i rialacha na scéime do dhílseachán uathoibríoch ar fhágáil na scéime ná níor dheonaigh rialacha na scéime lánchearta dílsithe i ndiaidh iomarcaíochta. Ní raibh an téarma ballraíochta 2 bhliain a theastaigh le haghaidh caomhnú reachtúil comhlánaithe ag roinnt bhall.

Ní raibh an bhróicéir ná an Árachóir lena mbaineann in ann an fhoirm uirill a bhí comhlánaithe ag an bhfostaitheoir ar lá tionscanta na scéime arbh fhéidir go léireodh sé rún an fhostaitheora maidir le cearta dílsithe a dheonú ar tharraingt siar a thabhairt in airde. Dheimhnigh an bheirt acu áfach gur riaradh an scéim i gcónaí ar an mbunús go mbeadh cearta dílsithe uathoibríocha ag an mball ar fhágáil seirbhíse dó. Ní raibh aon fasach arbh fhéidir dul ina iontaoibh toisc nár tharraing aon duine de na bhaill siar ón scéim iarbhir óna tús go dtí an lá ar cuireadh deireadh léi i 2002.

San imscrúdú a rinneadh an Oifig cuireadh san áireamh an fhíric gur bunaíodh an scéim pinsin mar chiste iontaobhais ceadaithe chun leasa na foirne, a bhainisteofaí glan ar shócmhainní eile an fhostaitheora, gur trí iomarcaíocht a cuireadh deireadh leis an bhfostaíocht agus gurbh ar an toimhde go mbeadh feidhm ag dílsiú uathoibríoch a cuireadh a sochair fágála seirbhíse in iúl do na baill.

Breithníodh an gearán mar dhíospóid fíorais nó dlí. Dhearbhaigh mé go raibh sócmhainní na scéime pinsin glan ó shócmhainní eile an fhostaitheora agus chinn mé gurbh é an rud ba dhóighiúla go raibh sé ar intinn an fhostaitheora cearta dílsithe uathoibríocha a sholáthar i gcás iomarcaíochta agus gur cuireadh faoi deara go raibh súil ag na baill leo sin. D'ordaigh mé an lontaobhaí dul ar aghaidh le foirceannadh na scéime ar an tuiscint go mbeadh na sochair uile dílsithe do na baill.

RÉITÍONN IDIRGHABHÁIL NEAMHFHOIRMEÁLTA FAIDHBE

Rinneadh fostaí i gcomhlacht seirbhíse poiblí arna riar ag Roinn Rialtais gearán go ndearnadh briseadh maidir lena ranníocaí le haghaidh aoisliúntais ar feadh níos mó ná trí bliana gan aon mhíniú, agus go raibh sí faoi dhliteanas anois méid a íoc a bhí méadaithe go mór de bharr incrimintí agus tagarmharcála san idirlinn.

Ó tharla nach raibh na fíricí faoi dhíospóid agus gur dócha dá gcuirtí trí Réiteach Díospóidí Inmheánacha í go gcuirfí breis mhoille ar an gcás, chinn mé ar litir a scríobh chuig an Roinn ar chúram di í ag admháil nach mbeadh de rogha aici ach na ranníocaí nach raibh bainte dá tuarastal a íoc ar ais, agus ag iarraidh go ríomhfaí na híocaíochta a bhí fós gan íoc ar bhonn na dtuarastal stairiúla, agus go mbeadh siad iníoctha thar thréimhse cothrom leis an tréimhse ar chóir dóibh bheith íoctha – is é sin trí agus aon cheathrú bliana.



Tar éis roinnt litreacha breise a chur ón Oifig seo go dtí an Roinn ag iarraidh nuascéala maidir lena cás, fuarthas freagra ón Roinn maidir le mo fhiosrú tionscnaimh.

Chuir an Roinn in iúl do m'Oifig gur tugadh an rogha don fhostaí na ranníocaí a íoc in 82 thráthchuid bunaithe ar a tuarastal stairiúil i gcaitheamh na tréimhse a ndearnadh briseadh ar a bhallríocht, gur ghlac sí leis an rogha sin agus gur tosaíodh ar na ranníocaí sin a bhaint dá tuarastal i Márta 2007.

Is údar aiféala nár thug an Roinn aon mhíniú ar scor na ranníocaí i 2002 agus nár shíl an Roinn gurbh fhiú di na fáthanna nár cuireadh in iúl di go raibh stop curtha le híocaíochtaí a bhaint dá tuarastal a luadh.

Ó tharla gur tugadh an deis di an tseirbhís i gceist a cheannach ar chostas cuí áfach, bhreithnigh mé go raibh aghaidh tugtha ar an bhfadhb agus go raibh sí sásta agus dún mé an cás.

RDBANNA GAN BHEITH RIARTHA AR FHÁGÁIL SEIRBHÍSE

Chuir an gearánaí seo foirm ghearáin maille le Litir óna hlontaobhaithe Pinsin go dtí an Oifig. Bhí siad ag deimhniú, nuair a d'fhág sí an fhostaíocht roinnt bliana roimhe sin, gur aisíocadh léi a ranníocaí leis an bpríomhscéim pinsin. Dúirt siad gur íoc sí Ranníocaí Deonacha Breise (RDBanna) freisin. Dheimhnigh siad go gceanglaíonn na Coimisinéirí loncáim go gcaithfear leis na RDBanna sa dóigh chéanna agus a chaitear le ranníocaí na príomhscéime, agus dúirt siad "go gcaithfidh gur íocadh fáltais do chiste RDB mar chuid den aisíoc".

Fuair na hiontaobhaithe amach áfach gur choinnigh bainisteoir infheistíochta na scéime RDB leithroinnt chistí ina hainm. Chuir siad roinnt léirithe ar aghaidh mar mhínithe, lena n-áirítear an fhéidearthacht nach ndearnadh airgead tirim riamh den chiste RDB nó nár íocadh go hiomlán riamh é. Le cúnamh óna gcomhairleoirí reatha scéime, chuaigh na hiontaobhaithe i dteagmháil leis na riarthóirí a bhí ann roimhe, agus dúirt siadsan nach raibh sé ar taifead acu go raibh an gearánaí ina ball den scéim. Cuireadh an cás faoi bhráid m'Oifig lena fhiosrú.

Ar an mbonn sin nár chreid mé go ndéanfadh próiseas réiteach na ndíospóidí inmheánacha aon mhaith, chinn mé ar imscrúdú a dhéanamh faoin gcás láithreach.

Lean roinnt chumarsáide neamhbhisiúla leis an iar-riarthóir as sin. Faoi dheireadh chuir siad in iúl dom go raibh an gearánaí ina ball de idir an phríomhscéim agus an scéim RDB. B'fhacthas dóibh ó dhoiciméadú a bhí ina seilbh gur íoc an fostaitheoir urraíoch aisíocaí ranníocaí le baill a d'fhág an phríomhscéim pinsin san am atá caite agus gur íocadh na haisíocaí sin go díreach amach gan tagairt a dhéanamh do na hiontaobhaithe a bhí ann ag an am. Dúirt siad gurbh fhéidir go míneodh sin cén fáth nach raibh taifead ar coinneáil acu maidir le cé acu a aisíocadh a ranníocaí nó a coinníodh mar shochar iarchurtha iad laistigh den scéim.



Dealraíonn sé gur dócha go raibh an fostaitheoir ag déileáil le haistarraingtí ar an mórchóir agus gur chuir sé in iúl do na hiontaobhaithe ag deireadh gach bliain scéime méid iomlán na n-aisíocaí ar ranníocaí, go bhfuair sé é sin ar ais ón scéim pinsin agus gur fhág sé faoi na hiontaobhaithe an cáin a bhí dlite ar na haisíocaí a íoc.

Chuaigh mé i dteagmháil ansin leis an gcuideachta árachais lena mbaineann agus dheimhnigh siad dom in am trátha go raibh siad ag coinneáil €5292.99 i gcuntas an ghearánaithe.

Ní raibh aon amhras ach gur tharla míriarachán ag céim de phróiseas tarraingthe siar an ghearánaithe ón fhostaíocht. Bhí sé deacair breathnú siar agus méar a chur ar cá háit a tharla an míriarachán ach dealraíonn sé ar an gcéad amharc gurb é is dóichí go raibh an fostaitheoir faillíoch. In áit na tarraingte a chur in iúl do na hiontaobhaithe agus a ligean dóibhsean aisíocaí na ranníocaí a phróiseáil thug an fostaitheoir air féin déileáil leis an gcás seo agus is dócha nach raibh sé feasach faoi cheanglais na Coimisinéirí Ioncaim go ndéileálfaí le gháthranníocaí scéime agus le RDBanna ag an am céanna agus ar an dóigh chéanna. Mar sin níor cuireadh aon fhógra chuig an árachóir go raibh an tseirbhís fágtha ag an ngearánaí agus go raibh sé ag iarraidh go n-aisíocfaí a RDBanna. Ach dhealraigh sé nár fhiosraigh iarbhir an iontaobhaí ná an árachóir céard a tharla di.

Chinn mé nár fhulaing an gearánaí aon cailteanas toisc go raibh fáltas réasúnta faighte aici ar a ranníocaí ón am a d'fhág sí seirbhís.

Má chuirtear Innéacs na bPraghsanna do Thomhaltóirí chun feidhme i leith iomlán na ranníocaí a d'íoc sí tá an cuma ar an scéal go mbeadh luach de thart ar €2650 orthu san am atá i láthair. Sna himthosca sin, creidim gur fáltas cóir an €5292.99 ar a hinfheistíocht agus d'ordaigh mé go n-íocfaí é.

TRÁCHT:

Tá sé coitianta go leor go loictear RDBanna a íoc comhuaineach leis an bpríomhshochair scéime. Tarlaíonn sé go minic nuair a bhíonn dhá scéim atá leithleach ó thaobh dlí i gceist, go minic le hiontaobhaithe difriúla. De bhreis air sin dealraíonn sé go bhfuil go leor iontaobhaithe nach bhfuil eolach faoi cheanglais na gCoimisinéirí Ioncaim agus tháinig go leor cásanna go dtí muid inar tharraing nó inar aistrigh fostaitheoirí a bpríomhshochair scéime, agus inar fhág said na RDBanna slán. Is í an fhadhb is coitianta i ndáil le socrúithe Seirbhíse Poiblí moilleadóireacht maidir le dóthain faisnéise a thabhairt do riarthóirí scéimeanna RDB lena chur ar a gcumas teorainneacha na gCoimisinéirí Ioncaim ar airgead tirim saor ó cháin agus ar shochair fhoriomlána a ríomh agus is minic a bhíonn bearna suntasach idir íocaíochtaí príomhshochair na scéime agus riaracháin na RDBanna de thoradh sin. Sa chás áirithe seo (earnáil phríobháideach), dealraíonn sé gurbh é an fhadhb a bhí ann go raibh an fostaitheoir ag gníomhú mar riarthóir neamhoifigiúil agus nár léir go hiomlán don árachóir ná do na hiontaobhaithe céard a bhí ar siúl.